2005 Tuairisc Bhliantúil

An tÚdarás Iomaíochta
The Competition Authority

An clár ábhar

Brollach		3
Mír 1:	Ag Forfheidhmiú Dlí na hIomaíochta	7
Mír2:	Luacháil ar Chumaisc agus Éadálacha	25
Mír 3:	Ag cur Iomaíochta in Éirinn chun cinn	37
Mír 4:	Beartas agus Seirbhísí Corparáideacha	51
Aguisíní		59

SALE

Brollach *Declan Purcell, Paul Goreck, Stanley Wong*, Baill an Údaráis Iomaíochta*

Is é an tuairisciú faoi obair an Údaráis Iomaíochta i 2005 an deis fhoirfe chun athbhreithniú a dhéanamh ar an méid a rinneadh i ndlí iomaíochta na hÉireann le roinnt blianta anuas. Is i 2005 a tháinig an tréimhse a chaith John Fingleton mar Chathaoirleach ar an Údarás Iomaíochta chun críche agus chomh maith leis sin tháinig an tréimhse a bhain le Ráiteas Straitéise reatha an Údaráis chun críche.

Sa chúig bhliain a chuaigh thart, tá iomaí athrú tagtha ar an Údarás Iomaíochta. Achtaíodh reachtaíodh nua, an tAcht Iomaíochta 2002, ag an Oireachtas agus tá cumhachtaí nua tugtha aige don Údarás Iomaíochta chomh maith le bheith ag méadú na bpíonós a bhaineann le hiompar frith-iomaíochta. Tá méadú mór tagtha ar líon na foirne ag an Údarás Iomaíochta de réir buiséid níos mó. Maidir le haschur agus tionchar bhí an bhliain ba rathúla riamh ag an Údarás Iomaíochta. Ó 2003 i leith tá réimeas docht de rialú cumaisc bunaithe ag an Údarás Iomaíochta chomh maith le méadú ar ghníomhaíocht agus éachtaí nua maidir le forfheidhmiú dhlí na hiomaíochta. Soiléiríonn obair abhcóideachta an Údaráis réimse leathan ina bhfuil iomaíocht as láthair, teoranta nó srianta. Is é a bheith cinnte go gcuirtear leas tomhaltóirí chun tosaigh an t-inneal dreasaithe maidir le hobair an Údaráis Iomaíochta le cúig bhliain anuas.

Mar sin féin, tharla na hathruithe seo ag an Údarás Iomaíochta san am céanna le oidhreacht fhad d'iompar in aghaidh iomaíochta agus in aghaidh tomhaltóirí. Le linn na staire, bhí beartais phoiblí chun iomaíocht a dhreasú mar fhorfheidhmiú an dlí, athbhreithniú cumaisc agus leasú reachtúil lag in Éirinn. Ní haon iontas é, gan dlí iomaíochta éifeachtach, gur éirigh a lán margaí in Éirinn thar a bheith comhchruinnithe trí chumaisc agus trí chleachtaí príobháideacha eile. Chomh maith leis seo, chruthaigh an stát a lán monaplachtaí agus chosain sé a lán earnálacha den gheilleagar ó iomaíocht.

Cinnteoidh an leithdháileadh de bhreis acmhainní a chuir an Rialtas le déanaí le hiniúchadh ar chairtéil choiriúla go leanfaidh an méid a chuireann an tÚdarás Iomaíochta le bheith ag tabhairt aghaidhe ar na ceisteanna seo ag fás. Is é Éire ceann de na trí tíortha san Eoraip a dhéanann baint le socrú praghsanna, roinnt margaí nó rigeáil tairiscintí ina chion coiriúil. Cé go dtugann seo le fios chomh tromchúiseach agus a ghlactar leis an gcineál seo cionta, ciallaíonn sé freisin go mbíonn iniúchta faoi chairtéil casta, agus go gcaitear neart ama agus neart acmhainní leo. Cé nach nochtann cásanna den chineál seo ach go hannamh i gcúirteanna na hÉireann sa bhlianta beaga romhainn tá an tír seo ar thús cadhnaíochta maidir le tabhairt cásanna a bhaineann le cairtéil choiriúla trí na cúirteanna. Go sonrach is é Éire an chéad tír san Eoraip ina bhfuil triail giúiré le haghaidh cionta iomaíochta coiriúla.

Tá an tÚdarás Iomaíochta thar a bheith gníomhach fós maidir le dlíthíocht shibhialta san Ard-Chúirt freisin. Idir Samhain 2005 agus Eanáir 2006, cluinneadh cás an Údaráis Iomaíochta in aghaidh **Chumann Forbartha Thionscal na Mairteola** sna cúirteanna thar 12 lá. Tá dúshlán tugtha ag an Údarás Iomaíochta in aghaidh cuíchóirithe ar thionscal próiseála na mairteola ag grúpa próiseálaithe mairteola. In Aibreán, d'aontaigh **Cumann Fiaclóirí na hÉireann** téarmaí socraithe leis an Údarás Iomaíochta sular tugadh éisteacht iomlán san Ard-Chúirt. Cuireadh tús le himeachtaí dlíthiúla ag an Údarás Iomaíochta tar éis líomhaintí go ndearnadh comhbhaghcat ar scéim phríobháideach a bhain le hárachas fiacla a bheith á tabhairt isteach in Éirinn ag Vhi DeCare.

D'aontaigh **Cumann Lucht Comhairle Ospidéal na hÉireann** téarmaí socraithe leis an Údarás Iomaíochta maidir le comhbheartaíocht faoi tháillí lucht comhairle ó sholáthraithe árachas leighis phríobháidigh. Rinne an tÚdarás Iomaíochta cinneadh tús a chur le caingean dlíthiúil i mBealtaine

* Thosaigh Stanley Wong mar Bhall de chuid an Údaráis Iomaíochta i bhFeabhra 2006

2005 tar éis dó an tuairim a thabhairt gurb é cuspóir agus/nó éifeacht chomhbheartaíocht an Chumainn thar ceann a bhall, táillí a shocrú, go díreach nó go hindíreach a íoctar le lucht comhairle ó lucht árachais sláinte. Mar sin féin, socraíodh an caingean seo tar éis idirbheartaíochta leis an gCumann agus sula cuireadh imeachtaí faoi bhráid na hArd-Chúirte.

D'aontaigh an tÚdarás Iomaíochta téarmaí socraithe freisin ina chuid caingean san Ard-Chúirt ina aghaidh **Cónaidhm Vintners Éireann**, **Connacht Mineral Water Company Limited**, **Deasy & Company Limited**, **United Beverages Limited**, **C&C (Wholesale) Limited** agus **M&J Glesson & Company**. Tá imeachtaí san Ard-Chúirt ar siúl i gcónaí ag an Údarás Iomaíochta in aghaidh **Superquinn** agus **Nash Beverages Limited**.

Is cuid thar a bheith tábhachtach de bheith ag cinntiú go n-oibríonn iomaíochta chun leas tomhaltóirí é measúnú atá éifeachtach agus tráthúil ar chumaisc agus ar éadálacha Is féidir leis an gcuid is mó de chumaisc a bheith tairbhiúil do thomhaltóirí, trí éifeachtúlacht a chur chun cinn agus costais neamhriachtanacha a laghdú. Mar sin féin, d'fhéadadh cumaisc áirithe maolú ar iomaíocht a chruthú, rud nach mbeadh chun leas tomhaltóirí. Is é ról an Údaráis Iomaíochta sa réimse seo ná ligean do chumaisc thairbhiúla leanúint ar aghaidh chun geilleagar atá éifeachtach agus dinimiciúil a chur chun cinn agus san am céanna toirmeasc a chur ar chinn a mhaolaíonn iomaíocht go mór.

Ghlac an tÚdarás Iomaíochta an fheidhm iomlán a bhaineann le measúnú ar chumaisc agus ar éadálacha ar 1 Eanáir 2003 agus tá clú domhanda bainte amach aige as an gcáilíocht ard den anailís atá déanta aige ar chumaisc. Sa trì bhliain a chuaigh thart, tugadh faisnéis don Údarás Iomaíochta faoi 212 cumasc agus éadáil (47 i 2003; 81 i 2004 agus 84 i 2005). I gcaitheamh an ama sin, tá toirmeasc déanta ag an Údarás Iomaíochta ina aghaidh cumaisc amháin, tá trí cinn d'idirbhearta glanta aige le 25 de choinníollacha san iomlán tar éis iniúchta iomlána (Pas 2) agus sé cinn d'idirbhearta le 18 de bhearta san iomlán a bhfuil mar aidhm acu aghaidh a thabhairt ar cheisteanna a bhaineann le hiomaíochta tar éis iniúchadh tosaigh a dhéanamh (Pas 1).

Tá neart réimsí de chuid gheilleagar na hÉireann ann fós nach bhfuil fáil ar iomaíocht iontu, nó ina bhfuil iomaíocht teoranta nó srianta. Tá a lán curtha leis seo ag oidhreacht de bheartas agus cultúr in aghaidh iomaíochta. Léirigh tuairimí a nocht an pobal faoin sraith teilifíse 'Rip-Off Republic' go dtugtar faoi deara go forleathan nach dtugtar dóthain aire do leas tomhaltóirí i saol na hÉireann. D'fhear an tÚdarás Iomaíochta fáilte ar bunú na hÁisínteachta Náisiúnta Tomhaltóirí i 2005 mar chloch mhíle thábhachtach chun cultúr atá taobh le tomhaltóirí a chruthú in Éirinn.

Mar chuid den obair a rinne sé chun cultúr taobh le tomhaltóirí a chruthú lean an tÚdarás Iomaíochta ar aghaidh i 2005 ag cur le feasacht dhlíthe agus rialacháin atá in aghaidh iomaíochta agus tomhaltóirí agus ghlaoigh sé go gcuirfí deireadh leo. Áirítear le ceisteanna ar chuir an tÚdarás Iomaíochta béim orthu na srianta le hiomaíocht idir cógaslanna, an t-imbhualadh a d'imir an tOrdú um Earraí Grósaera ar iomaíocht maidir le praghsanna sna hollmhargaí agus sna siopaí caoithiúlachta chomh maith le rialacháin reatha faoi cheadúnú. D'fhoilsigh an tÚdarás Iomaíochta cúig cinn de thuarascálacha mór le rá freisin faoi iomaíocht i mbaincéireacht, árachas agus trí ghairm (dlí, fiaclóireacht agus radharceolaíocht).

I Nollaig 2005, chuir an tÚdarás Iomaíochta Ráiteas Straitéise nua faoi bhráid an Aire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta. Sa chúig bhliain a chuaigh thart, tá bunús láidir curtha ag an Údarás Iomaíochta chun dlí na hiomaíochta in Éirinn a fhorfheidhmiú agus chun

leas tomhaltóirí a chur chun cinn i mbeartas poiblí. Ba mhaith leis an Údarás Iomaíochta buíochas a ghlacadh go mór mór le John Fingleton, Terry Calvani agus Ted Henberry, a d'fhógair go mbeidís ag fágáil an Údarás i 2005, as an obair mhór a rinne siad chun an eagraíocht seo a thógáil.

Clúdaíonn an Ráiteas Straitéise nua an tréimhse 2006 go 2008 agus cuireann sé síos ar an gcéad chéim eile i bhforbairt an Údaráis Iomaíochta. Mar áisínteacht atá ag fás, tá an tÚdarás Iomaíochta ag bogadh ar shiúl ó bheith ag cur lena acmhainneacht agus ag díriú ar a bheith ag feabhsú cháilíocht a athchur agus a seachadta. Mar sin féin, fanann Bunchuspóir agus Aidhmeanna Ard-Leibhéil an Údaráis Iomaíochta Móra mar an gcéanna. Is é an fócas a bheidh ag an Údarás Iomaíochta fós ná **"a chinntiú go n-oibríonn iomaíocht chun leas tomhaltóirí ar fud gheallagair na hÉireann."**

tiomáineann
iomaíocht
bríomhar
táirgiúlacht
fás,
nuálachas
agus
luach
do
gach
tomhaltóir
sa
ghéilleagar
ghéilleagar
nuálachas
tomhaltóir
maíocht
6
fás
táirgiúlacht
jomaíocht
nuálachas
fás
tomhaltóir
tiomáineann
iomaíocht
bríomhar
táirgiúlacht
fás,
nuálachas
agus
luach
do
gach
ghéilleagar
tomhaltóir
sa
ghéilleagar
fás
ghéilleagar

Mír 1: Ag Forfheidhmiú Dlí na hIomaíochta

1. Ag Forfheidhmiú Dlí na hIomaíochta

Tugadh an-ugach do chumas an Údaráis Iomaíochta chun iompar neamhdhleathach ina aghaidh iomaitheoirí a nochtadh i Samhain 2005 nuair a d'fhógair an Rialtas acmhainní breise chun iniúchadh ar chairtéil choiriúla. Le blianta beaga anuas tá méadú déanta ag an Údarás Iomaíochta ar a chuid gníomhaíochtaí agus éachtaí maidir le forfheidhmiú an dlí mar gheall ar iomaíocht. Is é Éire an chéad tír de chuid na hEorpa ina mbíonn triail le giúiré le haghaidh cionta iomaíochta coiriúla agus tugann an tÚdarás Iomaíochta líon cásanna sibhialta nach beag chun na hArd-Chúirte.

Is éard is aidhm le dlí na hiomaíochta, go príomha, ná tomhaltóirí a chosaint agus tairbhe a chur ar fáil dóibh a bhfuil ceart acu earraí agus seirbhísí a cheannach ar phraghas atá iomaíoch. Tugann breis iomaíochta luach do thomhaltóirí, spreagann sí gnó agus breisíonn an geilleagar i gcoitinne. Tarlaíonn mar thoradh ar iompar gnólachtaí in aghaidh iomaíochta, socrú praghsanna go n-íocann tomhaltóirí praghsanna níos airde gan breis sochar agus baineann sé an bonn den chumas iomaíochta atá ag geilleagar na hÉireann.

1.1 Úsáid Cumhachtaí Forfheidhmithe

I gcaitheamh 2005, chuir an tÚdarás Iomaíochta iarratas isteach do na Cúirteanna Dúiche agus bronnadh ar 42 barántas cuardaigh maidir le hiniúchadh leanúnach faoi iompar in aghaidh iomaíochta.

Comhlíonadh na barántais seo ag oifigigh cháiliithe de chuid an Údaráis Iomaíochta. Ar ócáidí áirithe cuireadh cabhair ar fáil ag Biúró na nGardaí um Iniúchadh Calaoise agus baill áitiúla den Gharda Síochána ar fud na tíre.

Chomh maith leis sin, d'eisigh an tÚdarás Iomaíochta 46 toghairm i gcaitheamh na bliana. Tá an tÚdarás Iomaíochta i dteideal toghairmeacha a eisiúint a thugann ar fhinnéithe fianais a thabhairt faoi mhóid agus cáipéisí a chur ar fáil a iarrann oifigigh cháilithe de chuid an Údaráis orthu. Is cion í cliseadh cloí leis na toghairmeacha seo faoin Acht Iomaíochta, 2002.

Tábla 1.1: Ag Forfheidhmiú Dlí na hIomaíochta	2005	2004	2003	2002	2001
Barántais Chuardaigh	42	24	21	18	2
Toghairm Arna n-Eisiúint	46	58	69	56	11

1.2 Cásanna Coiriúla a thug an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí. (SIP)

An SIP in aghaidh Michael Flanagan, Con Muldoon, Muldoon Oil, James Kearney, All Star Oil, Kevin Hester, Corrib Oil, Mor Oil, Alan Kearney, Sweeney Oil, Gort Oil, Pat Hegarty, Cloonan Oil, Ruby Oil, Matt Geraghty Oil, Declan Geraghty, Fenmac Oil & Transport, Michael McMahon, Tom Connolly, Eugene Dalton Snr., JP Lambe, Sean Hester, Hi-Way Oil, Kevin Cunniffe

In Aibreán, i mBealtaine agus i Meitheamh 2004 chuir an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí tús le himeachtaí in aghaidh 24 de chosantóirí i 11 Cúirt Dúiche in iarthar na hÉireann. Baineann na cúisimh le líomhaintí a bheith ag socrú praghas gáis ola agus ceirisín agus tagann siad tar éis iniúchta ag an Údarás Iomaíochta a chuir comhad faoin gcás faoi bhráid an SIP i 2003. Seirbheáladh leabhair fhianaise ar na cosantóirí agus cuireadh ar ais iad ar fad go dtí Cúirt Chuarda na Gaillimhe le haghaidh trialach ar díotáil.

I nDeireadh Fómhair 2004, thug an SIP le fios gurbh mhian leis dul ar aghaidh le grúpa tosaigh de cheathrar cosantóirí. I Nollaig 2004, rinne an t-abhcóide le haghaidh ceathrair de na cosantóirí **(Corrib Oil Company Limited, Eugene Dalton Snr & Tom Connolly)** iarratas do Chúirt Chuarda na Gaillimhe chun an triail a bhogadh go Cúirt Chuarta Choiriúil Bhaile Átha Cliath ós rud é gur dócha nach bhfaighidís cothrom na féinne i nGaillimh ós rud é gur dócha go mbeadh lucht giúiré ina gcustaiméirí de chuid cosantóra nó cosantóirí agus/nó ina fhinné le haghaidh an ionchúisimh. Ceadaíodh an t-iarratas seo agus bogadh triail an chosantóra eile **(JP Lambe)** go Cúirt Chuarda Choiriúil Bhaile Átha Cliath freisin agus socraíodh dáta na trialach le haghaidh 14ú Samhain 2005.

Phléadáil **J.P. Lambe** ciontach i gCúirt Chuarda Choiriúil Bhaile Átha Cliath ar 27ú Samhain 2005 as an dá chúiseamh a bheith ag cabhrú agus ag neartú le Corrib Oil Company Limited i socrú praghsanna. Tá sé le daoradh ar 6ú Márta 2006. Go sonrach, cúisíodh é mar seo a leanas:

Ráiteas Cionta: Ag iontráil i gcomhaontú a raibh sé d'aidhm aige iomaíocht a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh in aghaidh Ailt 2 (2) agus Ailt 3 (4) (a) den Acht Iomaíochta (Leasú) 1996 agus in aghaidh ailt 7 (1) den Acht um Dhlí Coiriúil 1997.

Sonraí Cionta: Chabhraigh agus neartaigh J. P. Lambe idir an chéad lá d'Eanáir 2001 agus an 11ú Feabhra 2002, an dá dháta san áireamh, i gContae na Gaillimhe, Corrib Oil Company Limited, le gealltanas faoi bhrí ailt 3 den Acht Iomaíochta 1991, cion a dhéanamh, is é sin, iontráil isteach i gcomhaontú a raibh d'aidhm aige iomaíocht i dtrádáil gáis ola i gCathair agus i gContae na Gaillimhe a chosc, a a shrianadh nó a shaobhadh trí bheith, go díreach nó go hindíreach, ag socrú phraghas an gháis ola. Bhí an dara cúiseamh sna focail ceannann céanna ach amháin gurb é ceirisín an táirge a bhí i gceist seachas gás ola.

Ar 14ú Samhain 2005, cuireadh triail Corrib Oil Company Limited, Eugene Dalton Sinsearach & Tom Connolly ar atráth go dtí 3ú Deireadh Fómhair 2006 ag an mBreitheamh Michael White ós rud é nach raibh aon seomra cúirte le haghaidh na trialach le fáil.

I Nollaig 2005, thug an SIP le fios do Chúirt Chuarda Choiriúil na Gaillimhe gurbh mhian leis leanúint ar aghaidh chun na trialach le grúpa de thriúr cosantóirí eile **(Michael Flanagan trading as Flanagan Oil, Con Muldoon agus Muldoon Oil Limited)**. Diúltaíodh iarratas chun an triail a bhogadh go dtí Cúirt Chuarda Choiriúil Bhaile Átha Cliath ós rud é gur dócha nach bhfaighidís cothrom na féinne i nGaillimh ag Cúirt Chuarda Choiriúil na Gaillimhe ar 10ú eanáir 2006. Socraíodh dáta trialach le haghaidh 28ú Feabhra 2006 don triúr cosantóirí.

SIP in aghaidh Pat Morgan

I gcaitheamh 2004, rinne an tÚdarás Iomaíochta gearán leis an nGarda Síochána mar gur chlis ar Phat Morgan, stiúrthóir bainistíochta Tru gas Limited, nochtadh os comhair an Údaráis Iomaíochta. Eisíodh an toghairm fhinné faoi Alt 31 den Acht Iomaíochta, 2002. Bhí an tÚdarás Iomaíochta ag iarraidh eolais le linn an chomhairliúcháin sular eisíodh Fógairt i margadh an tsorcóra LPG faoi alt 4 (5) den Acht Iomaíochta, 2002.

Tugadh an t-ionchúiseamh ag an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí agus cluinneadh an cás i gCúirt Dúiche Ceannchathartha Bhaile Átha Cliath ar 22ú Nollag 2005. Chinn breitheamh na Cúirte Dúiche gur cruthaíodh na fíricí in aghaidh an Uasail Morgan. Cuireadh daoradh siar go 6ú Feabhra 2006 chun am a thabhairt don Uasal Morgan cloí le toghairm fhinné an Údaráis Iomaíochta agus chun an t-eolas a bhí ag teastáil a chur ar fáil.

1.3 Cásanna Sibhialta a thug an tÚdarás Iomaíochta

An tÚdarás Iomaíochta in aghaidh Chonradh Aontas Creidmheasa na hÉireann

I nDeireadh Fómhair 2004, chinn an Ard-Chúirt i bhfabhar an Údaráis Iomaíochta in imeachtaí in aghaidh Chumann Aontas Creidmheasa na hÉireann (CACÉ). Ba é seo an chéad chinneadh cúirte riamh i gcás a bhain le sárú ceannais a thug an tÚdarás Iomaíochta. Tá CACÉ ag déanamh achomhairc in aghaidh chinneadh na hArd-Chúirte i láthair na huaire.

I mí Iúil 2003, d'iarr an tÚdarás Iomaíochta urghaire chun toirmeasc a chur ar Chumann Aontas Creidmheasa Éireann (CACÉ) dhá aontas creidmheasa déag a dhíchleamhnú. Tar éis do na haontais chreidmheasa seo díchleamhnú, chailleadh siad saoráid ar Scéim Cosanta Airgid Choigilte (SCAC) an Chumainn. Ba í tuairim an Údaráis Iomaíochta gurbh ionann an cailleadh seo saoráide don Scéim agus briseadh an dlí ós rud é go stopfadh sé na haontais chreidmheasa seo a bheith ag fáil saoráide chuig an rud tábhachtach seo chun airgead coigilte a bhall a chosaint. I dtuairim an Údaráis Iomaíochta, chuir an gníomh seo srian le hiomaíocht sa mhargadh le haghaidh ionadaíochta ó aontas creidmheasa.

Ina breithiúnas ar an gcás tar éis lán-éisteachta faoi na ceisteanna, d'ordaigh an Ard-Chúirt go dtabharfadh an Cumann saoráid isteach ar a Scéim d'aon aontas creidmheasa a shásóidh critéir iontrála a aontaíonn na rialacháin maidir le rannpháirtíocht a urramú. (Taifead Ard-Chúirte 2003 Uimh. 8680P)

Tá an ráiteas éilimh a rinne an tÚdarás Iomaíochta agus téacs iomlán an bhreithiúnais le fáil ar shuíomh gréasáin an Údaráis www.tca.ie

An tÚdarás Iomaíochta in aghaidh Chumann Forbartha Thionscal na Mairteola

Chuir an tÚdarás Iomaíochta tús le himeachtaí Ard-Chúirte in aghaidh Chumann Forbartha Thionscal na Mairteola (CFTM) i Meitheamh 2003. Tugann na himeachtaí dlíthiúla seo dúshlán an chuíchóirithe a mholtar don tionscal próiseála mairteola – ag grúpa de phróiseálaithe mairteola – as a n-eascróidh, dar leis an Údarás Iomaíochta, tionchair in aghaidh iomaíochta, lena n-áirítear méadú praghsanna mairteola do chustaiméirí.

Is é maíomh an Údaráis Iomaíochta go bhfuil cuid de ghníomhaíochtaí an Chumainn ina mbriseadh d'Alt 4 den Acht Iomaíochta 2002. Níor iarradh urghaire sa chás seo ós rud é gur thug na páirtithe gealltanais don Údarás Iomaíochta cur i bhfeidhm na scéime a mholtar a chur siar chun feitheamh leis an gcás atá ar siúl.

Cuireadh tús le héisteacht an cháis seo ar 8ú Samhain 2005. Bhí sé os comhair na hArd-Chúirte ar feadh 5 lá go hiomlán i Samhain 2005 agus cuireadh críoch leis le 7 lá eile os comhair na hArd-Chúirte in Eanáir 2006. Tá coinne go dtabharfaidh an Ard-Chúirt breithiúnas uair éigin in earrach 2006. (Taifead Ard-Chúirte 2003 Uimh. 7746P).

An tÚdarás Iomaíochta in aghaidh Superquinn

Leanadh d'imeachtaí san Ard-Chúirt in aghaidh Superquinn faoi líomhaintí maidir le socrú praghais díolta bainne. In imeachtaí den chineál céanna, baineadh amach socraíochtaí le Tesco i Nollaig 2002, le **Glanbia** agus **Sligo Dairies** i mí Iúil 2003 agus le **Dairygold** i Márta 2004. (Taifead Ard-Chúirte 1998 Uimh. 1999 Uimh. 6916P).

An tÚdarás Iomaíochta in aghaidh Cónaidhm Vintners Éireann

D'aontaigh an tÚdarás Iomaíochta téarmaí socraíochta ar 11ú Bealtaine 2005 le **Cónaidhm Vintners Éireann** i gcaingean Ard-Chúirte a thug an tÚdarás. Chuir an tÚdarás Iomaíochta tús le himeachtaí dlíthiúla i 1998 maidir le líomhaintí maidir le socrú praghsanna i ndíol dí alcólaí. In imeachtaí den chineál céanna, baineadh amach téarmaí socraíochta le **Cónaidhm Vintners Éireann** i Nollaig 2003.

Tá lán-shonraí na socraíochta idir an tÚdarás Iomaíochta agus Cónaidhm Vintners Éireann le fáil in Aguisín XXX sa Tuarascáil seo.

An tÚdarás Iomaíochta in aghaidh Soft Drinks Beer Bottlers Association

D'aontaigh an tÚdarás Iomaíochta téarmaí socraíochta leis na cúig comhlachtaí a bhí páirteach i ndíol leanna agus deoch bog pacáistithe. Cuireadh na socraíochtaí le **Connacht Mineral Water Company Limited**, **Deasy & Company Limited** agus **United Beverages Limited** isteach san Ard-Chúirt ar 28ú Iúil 2005. Cuireadh na téarmaí socraíochta a baineadh amach le **C&C (Wholesale) Limited** agus **M&J Gleeson and Company** isteach san Ard-Chúirt ar 20ú Nollag 2005.

Chuir an tÚdarás Iomaíochta tús le himeachtaí dlíthiúla i 1999 in aghaidh sé comhlachtaí uile go léir maidir le líomhaintí faoi shocrú praghsanna i ndíol leanna agus deoch bog pacáistithe. Tá imeachtaí dlíthiúla ar siúl faoi láthair san Ard-Chúirt in aghaidh an chosantóra dheireanaigh sa chás seo, **Nash Beverages Limited**. *(Taifead Ard-Chúirte 1998 Uimh. 12162 P)*

Tá lán-shonraí na socraíochtaí idir an tÚdarás Iomaíochta agus Connacht Mineral Water Company Limited, Deasy & Company & United Beverages Limited in Aguisín XXX sa Tuarascáil seo.

An tÚdarás Iomaíochta in aghaidh Cumann Fiaclóirí na hÉireann

Ghlac an tÚdarás Iomaíochta le téarmaí socraíochta ar 28ú Aibreáin 2005 a thairg **Cumann Fiaclóirí na hÉireann** sa chaingean Ard-Chúirte a thug an tÚdarás. Cuireadh tús le himeachtaí dlíthiúla ag an Údarás Iomaíochta tar éis líomhaintí go ndearnadh comhbhaghcat ar scéim phríobháideach a bhain le hárachas fiacla a bheith á tabhairt isteach in Éirinn ag Vhi DeCare.

Léadh amach téarmaí na socraíochta sa chúirt ag abhcóide thar ceann an Údaráis Iomaíochta. Tá lán-shonraí na socraíochta idir an tÚdarás Iomaíochta agus Cumann Fiaclóirí na hÉireann le fáil in Aguisín XXX sa Tuarascáil seo.

1.4 Iniúchadh mór a réitíodh gan gá imeachtaí cúirte a ghabháil de láimh

Cumann Lucht Comhairle Ospidéal na hÉireann

D'fhoilsigh an tÚdarás Iomaíochta, ar 28ú Meán Fómhair 2005, na téarmaí socraíochta a baineadh amach le Cumann Lucht Comhairle Ospidéal na hÉireann (CLCOÉ) maidir le caingean dlíthiúil a thug an tÚdarás. Rinneadh an tÚdarás Iomaíochta cinneadh tús a chur le caingean dlíthiúil i mBealtaine 2005. Ach socraíodh an caingean seo tar éis

idirbheartaíochta leis an gCumann agus sular cuireadh imeachtaí isteach don Ard-Chúirt.

I bhFeabhra 2003, chuir an tÚdarás Iomaíochta tús le hiniúchadh faoin idirbheartaíocht a shocraigh na táillí a fhaigheann lucht comhairle le haghaidh cóiríochta othar a chlúdaítear faoi árachas sláinte príobháideach. Mar thoradh ar an iniúchadh seo, is í tuairim an Údaráis Iomaíochta gur tharla briseadh den Acht Iomaíochta. I dtuairim an Údaráis Iomaíochta is é cuspóir agus/nó éifeacht chomhbheartaíocht an Chumainn thar ceann a bhall ná na táillí a shocrú a íoctar le lucht comhairle ó lucht árachais sláinte, go díreach nó go hindíreach. Séanann an Cumann go bhfuil an tAcht briste aige agus d'iontráil sé an gealltanas leis an Údarás Iomaíochta gan dliteanas a admháil.

Tá téacs na ngealltanas a rinne Cumann Lucht Comhairle Ospidéal na hÉireann le fáil in Aguisín XXX sa Tuarascáil seo. Is féidir cóip de lán-shonraí na socraíochta a íoslódáil ó shuíomh gréasáin an Údaráis Iomaíochta www.tca.ie

Tar éis chonclúid an iniúchta rinne an tÚdarás Iomaíochta cinneadh comhairliúchán a ghabháil de láimh chun treorú breise a chur ar fáil maidir le comhbheartaíocht maidir le socrú táillí leighis. Is éard is aidhm leis an gcomhairliúchán seo ná treorú a chur ar fáil a éascóidh cloí leis an Acht Iomaíochta ag dochtúirí – lucht comhairle agus dochtúirí leighis ginearálta – i gcleachtadh príobháideach. Creideann an tÚdarás Iomaíochta go gcuireann breis cloí leis an Acht Iomaíochta iomaíocht chun cinn chun leas tomhaltóirí. Aidhm eile leis an gcomhairliúchán ná fáil amach an méid dá bhfuil éifeachtúlacht eacnamaíoch ceangailte le comhbheartaíocht idir dochtúirí agus lucht íoctha agus meicníochtaí a shainaithint atá comhsheasmhach leis an Acht Iomaíochta a bhaineann an éifeachtúlacht sin amach. Beidh seo chun leas tomhaltóirí i ndeireadh na dála. Cuireadh tús leis an gcomhairliúchán ar 27ú Eanáir 2006 agus is féidir breathnú air ar www.tca.ie

Galileo Ireland

Fuair an tÚdarás Iomaíochta gearán ó fhorbróir teicneolaíochta taistil i Márta 2003, ag cur i leith gur dhiúltaigh Timas Ireland, ag trádáil mar Galileo Ireland, cead isteach ar a ríomhchóras cur in áirithe, gan fírinniú. Oibríonn Galileo Ireland an ríomhchóras cur in áirithe a úsáideann an chuid is mó de ghníomhairí taistil in Éirinn. Cuireadh i leith go raibh an diúltadh ligean don ghearánach dul isteach i ríomhchóras cur in áirithe le Galileo Ireland ag cur stad ar fhorbairt teocneolaíochta nua i dtionscal an taistil a ligeadh do ghníomhairí taistil cuardú níos éifeachtúla a dhéanamh le haghaidh eolais, mar tháillí aeir, thar ceann a gcustaiméirí.

Rinne an tÚdarás Iomaíochta iniúchadh faoin ngearán seo, go príomha mar shárú ceannais, a bhrisfeadh Alt 5 den Acht Iomaíochta, 2002 agus Alt 82 den Chonradh faoinar bunaíodh an tAontas Eorpach. D'aontaigh an tÚdarás Iomaíochta a iniúchadh a thabhairt chun críche gan dul i muinín imeachtaí dlíthiúla tar éis dó gealltanais atá ceangailteach go dlíthiúil ó Galileo Ireland chun déileáil le hiarratais sa todhchaí chun cead isteach a fháil ar a ríomhchóras cur in áirithe ar mhodh oscailte, trédhearcach, comhréireach agus neamh-idirdhealaitheach. Ba é an forrán a chuir Galileo Ireland nár bhris a iompar an tAcht Iomaíochta agus shéan sé go raibh na fíricí a cuireadh i leith sa ghearán fíor. Mar sin féin, chun an t-iniúchadh a réiteach, thairg Galileo Ireland gealltanais don Údarás Iomaíochta. [1]Tá téacs na ngealltanas a thug Cumann Lucht Comhairle Ospidéal na hÉireann le fáil in Aguisín XXX sa Tuarascáil seo.

[1]Tá téacs iomlán an Aontais agus na nGealltanais idir an tÚdarás Iomaíochta agus Galileo Ireland ar fáil ag www.tca.ie/press/151.pdf

Clár Víosa Saoire Oibre Cheanada (Nach mBaineann le Mic Léinn) USIT

Tá gealltanais faighte ag an Údarás Iomaíochta ó USIT go ndéanfaidh sé athbhreithniú ar na téarmaí agus coinníollacha a bhaineann lena Chlár Víosa Saoire Oibre. Tháinig iniúchadh an Údaráis Iomaíochta tar éis gearán maidir le riachtanais árachais a sonraíodh sna téarmaí agus coinníollacha i gClár Víosa Saoire Oibre USIT agus nósanna imeachta USIT chun déileáil le fiosrúcháin ó chustaiméirí.

Cuireann na gearáin a fuair an tÚdarás Iomaíochta gur iarr USIT ar iarrthóirí víosa íoc as árachas taistil fiú nuair a bhí árachas níos saoire le fáil in áiteanna eile. Cuireadh i leith freisin gur iarradh ar iarrthóirí víosa freisin íoc as árachas USIT fiú nuair a cheannaigh siad an t-árachas saoire seo agus nuair a bhí na sonraí curtha isteach agu chun go mbeadh USIT in ann a dheimhniú go gclúdaíonn na téarmaí agus coinníollacha na rioscaí cuí a ndóthain.

Tar éis cainteanna leis an Údarás Iomaíochta, thairg USIT a chuid téarmaí agus coinníollacha a athchóiriú chun riachtanais árachais a shoiléiriú (inarbh fhéidir le hiarrthóirí víosa socruithe árachais eile a shásódh critéir áirithe a chur isteach) agus chuir siad isteach nósanna imeachta le haghaidh na foirne agus iad ag cur iarrthóirí ar an eolas faoi na riachtanais árachais sa chlár. Bunaithe ar na gealltanais seo a thairg USIT, rinne an tÚdarás Iomaíochta cinneadh deireadh a chur lena iniúchadh.

1.5 Cásanna in aghaidh an Údaráis Iomaíochta

Cumann Dlí na hÉireann in aghaidh an Údaráis Iomaíochta

Tá faighte amach ag an Údarás Iomaíochta go gcruthaíonn il-ionadaíocht thar ceann amhrastach agus finnéithe ag an dlíodóir céanna deacrachtaí tromchúiseacha in iompar

a n-iniúchta. Tharla il-ionadaíocht nuair a nocht an dlíodóir céanna os comhair an Údaráis Iomaíochta thar ceann na n-amhrastach agus na bhfinnéithe araon san iniúchadh céanna. In iarracht chun seo a leigheas eisíodh Fógra maidir le hionadaíocht dhlíthiúil thar ceann daoine ag friotháil os comhair an Údaráis Iomaíochta i 2004 a d'airbheartaigh beartas a leagan amach mar seo a leanas:
I gcoitinne is é tuairim an Údaráis Iomaíochta go ndéantar nó go ndéanfaí comhréiteach ar iomláin a bpróiseas de bharr an dlíodóir céanna a bheith ag feidhmiú thar ceann níos mó ná aon duine amháin in aon chás áirithe, bíodh dhá pháirtí in iniúchadh i gceist nó páirtí amháin agus finné a bhaineann le hábhar an iniúchta sin. I gcoitinne, dá bharr sin, ní cheadóidh

an tÚdarás Iomaíochta leis an dlíodóir céanna feidhmiú thar ceann lán na beirte.
D'iarr an Cumann Dlí athbhreithniú breithiúnach ar chinneadh an Údaráis Iomaíochta ionadaíocht a dhiúltú

de réir mar a nochtar san Fhógra í. Tugadh éisteacht don chás a tháinig dá bharr (An Cumann Dlí in aghaidh an Údaráis Iomaíochta 2004 963JR) san Ard-Chúirt i bhFeabhra 2005. Ina bhreithiúnas a eisíodh ar 21ú Nollag 2005, neamhnigh an Ard-Chúirt Fógra an Údaráis Iomaíochta de bharr (i measc rudaí eile) gur sháraigh sé ceart bunreachtúil

daoine a nochtann os comhair an Údaráis Iomaíochta ionadaíocht a fháil óna rogha dlíodóra. Bronnadh costais ar an gCumann Dlí.

1.6 Treorú faoi chur i bhfeidhm Dhlí na hIomaíochta

Sraith Cinnte um Fhorfheidhmiú Dhlí na hIomaíochta

D'fhoilsigh an tÚdarás Iomaíochta sonraí faoi dhá iniúchadh i 2005 mar chuid dá Shraith Cinnte Forfheidhmithe. Foilsíonn an tÚdarás Iomaíochta eolas faoi iniúchta roghnaithe mar eolas don phobal faoi cheisteanna iomaíochta agus chun trédhearcacht a mhéadú maidir le forfheidhmiú an Acht Iomaíochta, 2002. Áirítear le haidhmeanna eile faoin sa Sraith ná breis cinnteachta dlíthiúla a chur ar fáil agus laghdú ar chostais cloí le haghaidh gnó.

Díríonn an tSraith Cinnte Forfheidhmithe ar iniúchta a réitíodh mar nach bhfuarthas aon bhriseadh de dhlí na hiomaíochta nó gur ceartaíodh an t-iompar in aghaidh iomaíochta.

Foilsíonn an tÚdarás Iomaíochta nótaí faoi chinnte forfheidhmithe díreach ar iniúchta roghnaithe a:

- A chruthaíonn fasach;
- Atá chun leas an phobail (mar shampla, bíonn an t-iniúchadh san fhearannas poiblí, bíonn an cheist faoi réir díospóireachta poiblí nach beag); agus
- Tógtar ceisteanna leasa nó castachta

I gcaitheamh 2005, d'fhoilsigh an tÚdarás Iomaíochta dhá Chinneadh Forfheidhmithe atá le fáil le híoslódáil ó shuíomh gréasáin an Údaráis www.tca.ie

Cuireann na nótaí seo faoi chinnte nach mbaineann le sárú an tionchar eacnamaíoch atá bunaithe ar an dearcadh a úsáideann an tÚdarás Iomaíochta chun anailís a dhéanamh ar bhriste dhlí na hiomaíochta, go mór mór maidir le:

- Sainmhíniú ceannais; agus
- Anailís ar sháruithe áirithe – praghsáil chreiche (nuachtáin); praghsáil iomarcach (Greenstar).

Uimhir Cinnte:	Cur Síos ar an gCinneadh:
E/05/001	Creachadh curtha i leith Drogheda Limited Company Limited ar mhargadh na fógraíochta i nuachtáin áitiúla i gceantar Dhroichead Átha.
E/05/002	Praghsáil iomarcach curtha i leith Greenstar Recycling Holdings Limited i soláthar seirbhísí bailithe bruscair tí in oirthuaisceart Chill Mhantáin.

Drogheda Independent Company Limited

D'fhoilsigh an tÚdarás Iomaíochta sonraí faoina iniúchadh faoi iompar foghlach a cuireadh i leith an Drogheda Independent Company Limited (Drogheda Independent) ar 15ú Feabhra 2005.

Tharla iniúchadh an Údaráis Iomaíochta de bharr gearán ó fhoilsitheoir an Drogheda Leader a chuir i leith an Drogheda Independent a bheith ag sárú ceannas trí:

- Láinseáil an Drogheda Independent Weekend Extra i 1997;
- Díol fógraíochta faoi bhun costais ó 1997 i leith; agus,
- Ag lascainiú phraghas na fógraíochta san Extra in Eanáir agus i bhFeabhra 2003.

Dhiúltaigh an tÚdarás Iomaíochta an chéad dhá cheann de na líomhaintí seo ar chúiseanna éagsúla lena n-áirítear nach féidir a ndearna an Drogheda Independent a mheas go sochreidte a bheith foghlach. Tá cur síos mion tugtha ag an Údarás Iomaíochta ar an anailís a rinne sé faoin líomhaint de dhíol faoi bhun costais de spás fógraíochta san Extra go luath i 2003 sa nóta cinnte seo.

Is é dearcadh an Údaráis Iomaíochta nach mbriseann an t-iompar foghlach a cuireadh I leith an Drogheda Independent Company Limited an tAcht um Iomaíocht 2002. Glacadh an dearcadh seo ar an mbunús nach bhfuil an Drogheda Independent ceannasach ná nárbh fhéidir an t-iompar a cuireadh ina leith a mheas mar shárú. Is féidir a rá go bhfuil an t-iompar a cuireadh ina leith taobh leis an tomhaltóir agus go léiríonn sé iomaíocht dhian sa mhargadh seachas iompar foghlach ag gnóthas ceannasach.

D'fhoilsigh an tÚdarás Iomaíochta sonraí an iniúchta sa chás seo chun treorú a thabhairt faoina dhearcadh faoi scrúdú líomhaintí d'iompar foghlach do lucht cleachta eacnamaíochta agus dlíthiúil atá leasmhar chomh maith leis an bpobal i gcoitinne. Foilsíodh sonraí an iniúchta mar chuid de Shraith Cinnte Forfheidhmithe an Údaráis Iomaíochta (féach an rannán Treoraithe thíos) agus is féidir iad a íoslódáil ó shuíomh gréasáin an Údaráis www.tca.ie.

Seirbhísí bailithe bruscair tí in oirthuaisceart Chill Mhantáin

D'fhoilsigh an tÚdarás Iomaíochta, ar 11ú Deireadh Fómhair 2005, torthaí a iniúchta faoi líomhaintí de bhriseadh dhlí na hiomaíochta i seirbhísí bailithe bruscair tí. Cé nach bhfuair an t-iniúchadh go ndearnadh aon bhriseadh maidir le dlí na hiomaíochta, creideann an tÚdarás Iomaíochta nach bhfuil an margadh le haghaidh bailiú bruscair tí ag obair go maith do thomhaltóirí.

Ina thuarascáil, mhol an tÚdarás Iomaíochta go meabhródh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil faoi leasú den earnáil a bhaineann le bailiú bruscair tí.

Iniúchadh faoi líomhaintí faoi bhriseadh dhlí na hiomaíochta

Fuair an tÚdarás Iomaíochta líon nach beag de ghearáin ó 2001 ag cur i leith:

- Go raibh easpa iomaíochta/rogha i seirbhísí bailithe bruscair in oirthuaisceart Chill Mhantáin; agus
- Praghsáil iomarcach ag Greenstar Recycling Holdings Limited (Greenstar) i seirbhísí bailithe bruscair tí in oirthuaisceart Chill Mhantáin.

Is féidir achoimre a thabhairt ar na rudaí is mó a fuair an tÚdarás Iomaíochta amach de bharr a iniúchta faoi líomhaintí gur sháraigh Greenstar a cheannas trí ghearradh praghsanna 'ard' nó 'iomarcacha' le haghaidh bailithe bruscair tí mar seo a leanas:

- Tá suíomh ceannasach ag Greenstar sa mhargadh do sheirbhísí bailithe bruscair tí in oirthuaisceart Chill Mhantáin. Tá an cineadh seo bunaithe ar an bhfíric gurb é Greenstar an t-aon oibritheoir amháin atá gníomhach sa mhargadh atá i gceist, nach raibh aon iontráil nua ó 2000 i leith agus go bhfuil easpa iomaíochta ó chomhlachtaí a fheidhmíonn in áiteanna cóngaracha. Cruthaíonn meascán d'eacnamaíocht scála agus dlúis, chomh maith le righneas rialacháin ag cur saoráidí sórtála/athchúrsála ar fáil constaicí nach beag maidir le hiontráil nua agus fairsingiú ag oibritheoirí sa mhargadh seo.

- Ní thacaíonn an fhianaise an líomhaint nach bhfuil gaol ag praghsanna Greenstar le luach sóisialta na seirbhíse a chuirtear ar fáil ná leis an gcostas atá i gceist chun an t-seirbhís atá i gceist a chur ar fáil (féach Tábla 1 & Cairt 1 thíos). Níl praghsanna Greenstar mórán níos airde ach oiread ná na praghsanna a ghearann oibritheoirí príobháideacha eile, i gcásanna áirithe tá siad níos saoire ná na cinn a ghearrann oibritheoirí príobháideacha eile (féach Tábla 2).

Cé nach dtacaíonn an fhianaise le cinneadh faoi bhriseadh an Acht Iomaíochta, 2002 sa chás seo, tugann an fiosrúchán cuimsitheach a rinne an tÚdarás Iomaíochta faoi bhailiú bruscair tí le fios nach bhfuil an margadh le haghaidh bailithe bruscair tí ag obair go maith do thomhaltóirí.

Foilsíodh sonraí an iniúchta mar chuid de Shraith Cinnte Forfheidhmithe an Údaráis Iomaíochta (féach an rannán Treoraithe thíos) agus is féidir iad a íoslódáil ó shuíomh gréasáin an Údaráis www.tca.ie.

Treoirlínte faoi ghearáin faoi "Diúltú Soláthair"

Faigheann an tÚdarás Iomaíochta lear mór gearán faoi dhiúltú soláthair. I gcásanna áirithe gearradh soláthar earraí nó seirbhísí ón ngearánach, i gcásanna eile níor éirigh leis an iarracht chun tús a chur le soláthar. Ní chruthaíonn ach líon beag de na gearáin seo imní faoi iompar in aghaidh iomaíochta. I Nollaig 2005, d'fhoilsigh an tÚdarás Iomaíochta nóta treoraithe a bhaineann lena leithéid de ghearáin faoi dhiúltú soláthair.

Tugann an leabhrán eolais seo treorú do thomhaltóirí agus do ghnólachtaí na hÉireann chun go dtuigfidh agus go measfaidh siad níos fearr nuair is dócha go mbeadh diúltú soláthair ina dhíol imní faoin Acht Iomaíochta. Tá mar aidhm leis freisin cabhrú le comhlachtaí a mbíonn deacrachtaí acu soláthar táirgí nó seirbhísí a aimsiú, cinneadh a dhéanamh an bhfuil údar dleathach acu chun gearán a dhéanamh don Údarás Iomaíochta agus an t-eolas a bhaineann le hábhar a iarrann an tÚdarás Iomaíochta a chur ar fáil chun a leithéid de ghearán a mheas. Tá sé freisin mar aidhm leis treorú a thabhairt do chomhlachtaí maidir lena gcuid oibleagáidí faoin Acht Iomaíochta.

An Dearbhú faoin margadh a bhaineann le Cylinders LPG

Ar 21ú Márta 2005, d'fhoilsigh an tÚdarás Iomaíochta Dearbhú maidir le comhaontuithe ceannaigh eisiacha do ghás peitril leachtaithe (LPG). Faoin Acht Iomaíochta (2002), má chloítear go hiomlán le téarmaí an Dearbhaithe, coinneofar soláthraithe LPG saor ó ionchúiseamh faoi dhlí na hiomaíochta. Cuireann Dearbhú an Údaráis Iomaíochta srian le comhaontuithe eisiacha i margadh an tsorcóra LPG go ceann dá bhliana.

D'eisigh an tÚdarás Iomaíochta an Dearbhú seo tar éis athbhreithnithe faoi conas a d'oibrigh an margadh seo ar feadh deich mbliain idir 1994 agus 2004. Tá béim curtha san athbhreithniú seo ar chodarsnacht idir forbairtí iomaíochta dearfacha idir 1994 agus 1999 agus meath de réir cosúlachta ar iomaíocht idir 1999 agus 2004.

Tháinig an Dearbhú faoi mhargadh na LPG i bhfeidhm ar 1ú Aibreáin 2005 agus éagann sé ar 31ú Márta 2015 (le hathbhreithniú tar éis cúig bhliain). Ceadaíodh tréimhse trasdul de shé mhí do chomhaontuithe a rinneadh roimh 1ú Aibreáin 2005 go dtí 30ú Meán Fómhair 2005. Tá cóip den Dearbhú le fáil ó shuíomh gréasáin an Údaráis Iomaíochta www.tca.ie.

Faoi Alt 4(3) den Acht Iomaíochta, 2002, is féidir leis an Údarás Iomaíochta dearbhú i scríobh go gceapann sé go gcloíonn catagóir sonraithe d'aontuithe, de chinnte nó de chleachtaí comhchruinnithe leis na coinníollacha seo a leanas faoi mar a leagtar amach in Alt 4(5) iad:

> Go gcuidíonn an comhaontú, an cinneadh nó an cleachtadh comhchruinnithe nó catagóir d'aontú, de chinneadh nó de chleachtadh comhchruinnithe, agus na coinníollacha ar fad le hábhar a bhaineann leis an margadh san áireamh, le táirgeadh agus le dáileadh earraí nó soláthar seirbhísí a fheabhsú nó le cur chun cinn teicniúil nó eacnamaíoch, fhad agus a ligtear do thomhaltóirí riar cothrom a bheith acu den toradh a thagann dá bharr agus -
>
> - Nach ndéantar aon fhorchur ar na gnóthais atá i gceist, téarmaí nach féidir na haidhmeanna sin a bhaint amach dá n-éagmais; agus,
> - Nach dtugann siad an deis do ghnóthais iomaíocht a scrios maidir le cuid substaintiúil de na táirgí nó na seirbhísí atá i gceist.

Comhairliúchán faoin margadh a bhaineann le LPG i mBulc

I mBealtaine 2005, chuir an tÚdarás Iomaíochta tús le comhairliúchán poiblí maidir le gás peitril leachtaithe (LPG) chun cinneadh a dhéanamh faoi eisiúint Dearbhaithe i margadh PLG i mbulc. Is éard ba chuspóir leis an gcomhairliúchán seo ná roinnt ceisteanna a leagan amach a bhaineann le hiniúchadh an Údaráis Iomaíochta faoin margadh a bhaineann le LPG i mbulc agus chun tuairimí a iarradh faoi na ceisteanna sin ó pháirtithe leasmhara.

Chríochnaigh an comhairliúchán seo i Meán Fómhair 2005 agus fuair an tÚdarás Iomaíochta ceithre aighneachtaí foirmiúla uile go léir. Níor glacadh aon chinneadh fós faoin gceist a leagtar amach sa pháipéar seo. Tá taighde sa bhreis ar siúl ag an Údarás Iomaíochta faoi conas a oibríonn iomaíocht sa mhargadh seo agus táthar ag súil go ngclactar cinneadh i 2006 maidir le Dearbhú.

Cumhachtaí Iniúchta agus Forfheidhmithe an Údaráis Iomaíochta	
Cumhachtaí Iniúchta agus Forfheidhmithe	**Tuairisc**
Cineálach iniúchta a bhíonn ar siúl	• Iniúchadh coiriúil • Iniúchadh sibhialta • Measúnú Cumasc • Staidéar Foirmiúil
Cumhacht Iontrála agus Cuardaigh	Is féidir le hoifigigh cháilithe de chuid an Údaráis Iomaíochta áitreabh nó teaghais a iontráil agus a chuardach le barántas a d'eisigh an Chúirt Dúiche.
Cumhacht chun Cáipéisí agus Taifid a urghabháil	Is féidir le hoifigigh cháilithe de chuid an Údaráis Iomaíochta cáipéisí/taifid a urghabháil de bhun barántais a d'eisigh an Chúirt Dúiche.
Cumhacht chun Finnéithe a Thoghairm	Is féidir leis an Údarás Iomaíochta finné a thoghairm chun nochtadh os a chomhair agus chun é a iniúchadh faoi mhóid. Tá an imdhíonacht agus na pribhléidí céanna agus finnéithe agus atá ag finné os comhair na hArd-Chúirte.
Cumhacht chun nochtadh taifead agus eolais a iarradh.	Tá de chumhacht ag an Údarás Iomaíochta nochtadh taifead agus eolais a iarradh. Is ciont coiriúil gan cloí.
Cumhacht chun eolas ó thríú páirtithe a iarradh.	Is féidir leis an Údarás Iomaíochta eolas a fháil ó thríú páirtithe, lena n-áirítear comhairleoirí gairmiúla agus institiúidí airgeadais.
Slite i dtreo socraíochta	• **Ionchúiseamh coiriúil (ar díotáil) –** A thug an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (SIP) sa Phríomh-Chúirt Choiriúil (nó Chúirt Chuarda Choiriúil faoi Acht 1991) tar éis don Údarás Iomaíochta iniúchadh a dhéanamh. • **Ionchúiseamh coiriúil (coimriú)** A thug an tÚdarás Iomaíochta sa Chúirt Dúiche • **Caingean Sibhialta –** a thug an tÚdarás Iomaíochta san Ard-Chúirt chun stad a chur ar iompar a mheastar a bheith in aghaidh iomaíochta • **Socraíocht gan chaingean cúirte –** Ina n-aithníonn agus a leigheasann na páirtithe atá i gceist briseadh de dhlí na hiomaíochta a d'fhéadadh a bheith ann
An Leibhéal is airde d'Fhíneáil	• **Coiriúil (nó díotáil sa Phríomh-Chúirt Choiriúil) –** €4 milliún nó 10% de láimhdeachas, cibé ceann acu is mó agus/nó suas le cúig bhliain i bpríosún • **Coiriúil (coimriú sa Chúirt Dúiche)** – €3,000 agus nó suas le sé mhí i bpríosún • **Caingean Sibhialta (ag an Údarás Iomaíochta)** – ní raibh aon chaingean ann. • **Caingean Sibhialta (ag páirtithe faoi dhíobháil)** Damáistí faoi rogha na Cúirte
Achoimre faoi úsáid Cumhachtaí	Is féidir dúshlán a thabhairt faoi úsáid na gcumhachtaí seo ag an Údarás Iomaíochta trí athbhreithniú breithiúnach san Ard-chúirt.

Rannóga Forfheidhmithe an Údaráis Iomaíochta

Tá Rannóg na gCairtéal agus na Monaplachtaí freagrach go príomha taobh istigh den Údarás Iomaíochta as forfheidhmiú dhlí na hiomaíochta agus go sonrach an tAcht Iomaíochta, 2002. Chomh maith leis sin, tá ról forfheidhmithe ag Rannóg na gCumasc a dtugtar tuairisc faoi sa chéad chaibidil eile.

Ról Rannóg na gCairtéal
Is é fócas Rannóg na gCairtéal ná inúchadh agus ionchúiseamh cairteál coiriúla móra mar na cinn atá i mbun socraithe praghsanna, rigeáil imthairiscintí agus leithdháileadh margaidh i measc iomaitheoirí. Is minic gur coireanna casta iad seo nach mór scileanna iniúchta speisialta lena n-aghaidh. Fostaíonn Rannóg na gCairtéal roinnt iar-bhall den Gharda Síochána, agus de Bhiúró na Sócmhainní Coiriúla agus áisínteachtaí forfheidhmithe dlí nach iad le cúlra in iniúchadh den chineál seo. Chomh maith leis seo, tá beirt Sháirsint Bleachtaireachta ó Bhiúró an Gharda um Iniúchadh Caloise (GBFI) ag obair go lán-aimseartha le foireann an Údaráis Iomaíochta agus is Oifigigh Cháilithe de chuid an Údaráis iad.

Nuair a fhaightear dóthain fianaise, cuirfidh an tÚdarás Iomaíochta comhad faoi bhráid an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí (SIP) le moladh go ndéanfar na páirtithe atá i gceist a ionchúiseamh. I gcásanna eile, is féidir leis an Údarás Iomaíochta féin ionchúiseamh achomair a thabhairt sa Chúirt Dúiche.

Ó thráth go chéile is féidir leis an Údarás Iomaíochta cásanna a shocrú gan dul i muinín imeachtaí Cúirte nuair a aithníonn agus a leigheasann na páirtithe a dhéanann cion a n-iompar in aghaidh iomaíochta.

Ról Rannóg na Monaplachtaí
Den chuid is mó, déanann Rannóg na Monaplachtaí iniúchadh faoi líomhaintí gur sháraigh daoine nó cuideachtaí suíomh ceannasach in earnálacha éagsúla den gheilleagar. Tá sárú de shuíomh ceannasach neamhdhleathach faoi Alt 5 den Acht Iomaíochta, 2002. Ní briseadh dlí suíomh ceannasach a bheith agat, áfach. Chun cion a bheith ann, caithfidh duine nó cuideachta an suíomh sin a shárú. Tá Rannóg na Monaplachtaí freagrach freisin as iniúchadh a dhéanamh ar chomhaontuithe nach mbaineann le cairtéil ach a d'fhéadadh a bheith in aghaidh iomaíochta. D'fhéadadh iad seo a bheith idir díoltóirí sa mhargadh céanna (comhaontuithe cothrománacha) nó idir comhlachtaí ag céimeanna éagsúla den slabhra déantúsaíochta, dáiliúcháin nó díolacháin (comhaontuithe ingearacha).

Nuair a cheapann an tÚdarás Iomaíochta gur briseadh an tAcht Iomaíochta, is féidir leis tús a chur le himeachtaí dlíthiúla chun tabhairt ar na páirtithe éirí as an obair a mheastar a bheith neamhdhleathach. De ghnáth is imeachtaí sibhialta iad seo (tríd an Ard-Chúirt) cé go bhféadadh imeachtaí coiriúla a bheith cuí de réir na gcúinsí a bhaineann le gach cás. Chun a ról iniúchta a chomhlíonadh, tá Rannóg na Monaplachtaí déanta suas d'ilfhoireann ar a bhfuil ceathrar eacnamaithe agus triúr dlíodóirí.

Go minic baintear amach réiteach atá inghlactha don Údarás Iomaíochta tar éis idirbheartaíochta cuimsithí leis na páirtithe. Chomh maith leis sin, is féidir leis an Údarás Iomaíochta cásanna a shocrú gan dul i muinín imeachtaí Cúirte nuair a aithníonn agus a leigheasann na páirtithe a dhéanann cion a n-iompar in aghaidh iomaíochta.

1.7 Ag obair le háisínteachtaí eile de chuid an Stáit

I gcaitheamh 2005, d'oibrigh an tÚdarás Iomaíochta thar a bheith dlúth le roinnt áisiínteachtaí forfheidhmithe eile de chuid an Stáit chun cloí le dlí na hiomaíochta a chur chun cinn.

An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí

Nuair atá iniúchadh coiriúil críochnaithe ag an Údarás Iomaíochta, is féidir comhad a chur chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (SIP) le moladh go mbeidh triail ar díotáil ann.

Nuair a cheapann an SIP go bhfuil cás dlíthiúil ann, glacann a oifig féin lán-fhreagracht as aon fhorghníomhú eile. I gcásanna mar seo, glacann Oifig an Phríomh-Aturnae freagracht as imeachtaí thar ceann an SIP agus ullmhaíonn siad Leabhar Fianaise le seirbheáil ar an gcúisí.

An Garda Síochána

Tá beirt Sháirsint Bleachtaireachta ó Bhiúró an Gharda um Iniúchadh Calaoise (GBFI) ag obair i Rannóg na gCairtéal mar Oifigigh Cháilithe de chuid an Údaráis Iomaíochta ó Mhárta 2002 i leith. Tugann an Garda Síochána an-chabhair don Údarás Iomaíochta ag am na práinne nuair atáthar ag forghníomhú barántas cuardaigh, mar shampla.

I gcaitheamh 2005 rinne foireann de chuid an Údaráis Iomaíochta roinnt léiriúchán don Gharda Síochána ar chúrsaí oiliúna inseirbhíse faoi thábhacht agus faoi scóip an Acht Iomaíochta 2002 de réir mar a théann sé i bhfeidhm ar iniúchadh coiriúil.

Áisínteachtaí Forfheidhmithe Dlí Eile

Chun a chuid feidhmeanna iniúchta a chomhlíonadh, oibríonn an tÚdarás Iomaíochta i gcomhar le háisínteachtaí forfheidhmithe dlí mar Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach, Biúró na Sócmhainní Coiriúla agus na Coimisinéirí Ioncaim. I gcaitheamh 2005, áiríodh leis na ceisteanna comónta a pléadh leis na háisínteachtaí seo fóiréinseacht ríomhaireachta, brí Bhreithiúnas na hArd-Chúirte maidir le BSC in aghaidh Dylan Creaven agus daoine eile chomh maith le nós imeachta gabhála, coinneála agus ionchúisimh.

Rialtóirí

Is minic go n-iarrtar ar an Údarás Iomaíochta cásanna a iniúchadh in earnálacha den gheilleagar inar ceapadh rialtóir neamhspleách ag an Rialtas, mar shampla: cumarsáid, fuinneamh agus eitleoireacht. Cé gurb é an tÚdarás Iomaíochta féin atá freagrach as forfheidhmiú an Acht Iomaíochta i gcónaí, i gcúinsí áirithe is cuí don Údarás comhthadhall leis an áisínteacht rialaithe a bhaineann le hábhar chun a leithéid de chásanna a réiteach.

Is féidir le rialtóirí toradh sásúil a bhaint amach níos sciobtha trí úsáid a bhaint as a chuid cumhachtaí reachtúla ná an tÚdarás Iomaíochta in imeachtaí dlíthiúla. Ar an mbealach seo is féidir leis an Údarás Iomaíochta cinntiú go bhfaigheann tomhaltóirí toradh atá tráthúil agus éifeachtach. Tá comhaontuithe comhoibrithe déanta ag an Údarás Iomaíochta le Coimisiún Craoltóireachta na hÉireann, an Coimisiún um Rialú Fuinnimh, an Coimisiún um Rialú Eitlíochta agus Oifig Gnóthaí Tomhaltóireachta.

I 2005, d'oibrigh an tÚdarás Iomaíochta go dlúth leis an gCoimisiún um Rialú Cumarsáide (ComReg), ag cabhrú leis ina athbhreithniú ar an margadh. Ghlac an tÚdarás Iomaíochta páirt in athbhreithniú an Choimisiúin.

1.8 Oibleagáidí Forfheidhmithe faoi Dhlí Iomaíochta an AE

Ó 1ú Bealtaine 2004 i leith, tá an tÚdarás Iomaíochta freagrach as iniúchadh faoi bhriseadh dhlí na hiomaíochta an AE a bhaineann le hábhar na hÉireann. Tá mar aidhm ag na nósanna imeachta seo, faoi Rialacháin 01/2003 an AE, forfheidhmiú dhlí na hiomaíochta an AE a nuashonrú agus a dhílárú agus beidh méadú mór ar obair an Údaráis Iomaíochta i gceist dá bharr.

Ó 2002 i leith, tá páirt glactha ag an Údarás Iomaíochta i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm Ghréasán Cumarsáide na hEorpa (ECN). Baintear feidhm as an ECN chun ballstáit a choinneáil ar an eolas faoi imeachtaí ina bhféadadh cur i bhfeidhm dhlí an AE a bheith i gceist agus chun riarachán a dhéanamh ar an sruth mór eolais agus teagmhála idir na ballstáit.

Ó 1ú Bealtaine 2004 i leith, tá iniúchadh déanta ag an Údarás iomaíochta faoi gach uile ghearán faoi dhlí na hiomaíochta sa bhaile agus faoi dhlí an AE. Measadh gné thrasteorann a bheith ag 22 as an 413 d'fhiosrúcháin a fuarthas. Tugadh cúig chinn acu seo ar aghaidh go dtí breis iniúchta ag an Údarás Iomaíochta. Cuireadh tús le ceithre iniúchadh faoi Alt 30(1)(b) den Acht Iomaíochta, 2002.

I Meitheamh 2005 chabhraigh Oifigigh Cháilithe de chuid an Údaráis Iomaíochta le foireann de chuid Choimisiún an AE (Iomaíocht DG) in iniúchadh faoi oifigí Fyffes plc i mBaile Átha Cliath. Bhain an t-iniúchadh le sárú Airteagail 81 de Chonarthaí an AE a choscann comhaontuithe a choscann, a shrianann nó a shaobhann iomaíocht idir ballstáit den AE.

I Nollaig 2005, chuir an Coimisiún Eorpach tús le comhairliúchán poiblí inar iarradh tuairimí faoina dhréacht-pháipéar díospóireachta faoi chur i bhfeidhm Airteagal 82 den Chonradh maidir le sáruithe eisiacha. I gcaitheamh 2005, phléadáil an tÚdarás Iomaíochta go nglacfaí le dearcadh atá bunaithe ar an ndíobháil a dhéantar do thomhaltóirí maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 82 ag leibhéal an AE. Nochtann páipéar díospóireachta an Choimisiúin na tuairimí a cuireadh chun cinn ag an Údarás Iomaíochta agus léirigh sé gluaiseacht maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 82 i dtreo dearctha atá níos bunaithe ar an tionchar eacnamaíoch.

iom
tiomáineann
iomaíocht
bríomhar
táirgiúlacht
fás,
nuálachas
agus
luach
do
gach
tomhaltóir
sa
ghéilleagar

tomhaltóir nuálachas

iomaíocht

Ag déanamh gearáin don Údarás Iomaíochta

Tá gearáin thar a bheith tábhachtach i bhfeachtas an Údaráis Iomaíochta chun deireadh a chur le hiompar in aghaidh iomaíochta in Éirinn.

Tá cumhachtaí nach beag ag an Údarás Iomaíochta chun gearáin a iniúchadh má cheapann sé go mb'fhéidir gur briseadh dlí na hiomaíochta. Nuair is leor an t-eolas a chuirtear ar fáil trí ghearáin chun amhras a chur ar an Údarás, is féidir tús a chur le hiniúchadh foirmiúil.

Nuair nach nochtann an t-eolas briseadh dlí b'fhéidir go múnlódh sé gnéithe eile d'obair an Údaráis Iomaíochta, mar shampla an t-athbhreithniú ar rialacháin an rialtais ag a mbeadh tionchar neamhbheartaithe ar iomaíocht.

Cén sórt eolais a theastaíonn ón Údarás Iomaíochta?

Chun a bheith éifeachtúil, teastaíonn fianaise seachas amhras go ndearnadh rudaí cearr, ón Údarás. Mar sin, nuair a dhéanann tú gearán, ba cheart duit oiread eolais a chur istigh leis agus is féidir leat. Ba cheart duit na rudaí seo a leanas a chur isteach:

- Nádúr do ghearáin
- Míniúchán faoi na hearraí nó na seirbhísí ar imríodh tionchar orthu,
- Míniúchán den réimse ina bhfeidhmíonn an cuideachta/na cuideachtaí a bhfuil tú ag gearán faoi/fúthu
- Sonraí faoi aon ghaol idir tú féin agus an gnó nó na daoine a bhfuil tú ag gearán fúthu
- Nótaí d'aon chomhrá nó cruinniú
- Cóipeanna de chomhfhreagras nó de chomhaontuithe
- Aon rud eile a bhaineann le hábhar dar leat.

Cad a dhéanfaidh an tÚdarás Iomaíochta leis an ngearán?

Mar chéad chéim, déanfaidh an tÚdarás Iomaíochta seiceáil gur féidir déileáil leis an gearán faoi dhlí na hiomaíochta. Tá Córas Tástála Gearáin ag an Údarás ina dtagann foireann le chéile gach seachtain chun measúnú a dhéanamh ar gach iarratas le haghaidh eolais agus gearán a fhaightear.

Tig **imscrúdú iomlán** a bheith ann de bharr cásanna an-thromchúiseacha ina ndéanfaidh an tÚdarás roinnt gníomh féideartha dá mbarr, lena n-áirítear:

- Ag cur comhaid go dtí an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (SIP) le moladh go dtabharfar cúisimh choiriúla;
- Ag tógáil imeachta Cúirte san Ard-Chúirt chun stad a chur le hiompar in aghaidh iomaíochta;
- Ag fáil socruithe amach as an gcúirt le cuideachtaí agus eagraíochtaí a aontaíonn gan gabháil le hiompar in aghaidh iomaíochta; agus,
- Ag déanamh moltaí don Rialtas maidir le hathruithe i rialacháin in aghaidh iomaíochta

Ag réiteach gearán gan dul i muinín an dlí

Ní nochtann tromlach mór na ngearán a chuirtear os comhair an Údaráis Iomaíochta aon bhriseadh de dhlí na hiomaíochta nó réitítear iad go luath gan dul i muinín an dlí.

Tar éis **réamh-thástáil** réitítear a lán gearán mar:

- Ní gearán é i ndáiríre ach iarratas le haghaidh eolais
- Níl aon cheist a bhaineann le dlí na hiomaíochta i gceist sa ghearán
- Eascraíonn an gearán ó ghnólacht a fhaigheann iomaíocht dhleathach ina margadh áitiúil
- Baineann an gearán le praghsanna cosúla gan aon fhianaise go raibh comhaontú ann

Samplaí de ghearáin a réitíodh tar éis réamh-thástáil

Gnólachtaí a fhaigheann iomaíocht dhleathach: Fuair an tÚdarás Iomaíochta roinnt gearán ó dhíoltóirí peitril i 2004 a bhain le hoscailt stáisiún peitril ag Tesco i gceantar Fhionnghlais a thug ar an bpraghas díolta titim sa cheantar. Cé go bhfáiltíonn an tÚdarás Iomaíochta roimh eolas de chineál ar bith, níl a leithéid d'iompar, ach amháin más é iompar foghlach atá ann, in aghaidh iomaíochta.

Praghsanna cosúla gan fianaise go raibh comhaontú ann: Sampla maith: "is ionann an praghas le haghaidh lítear peitril a ghearr stáisiún peitril amháin i nDroichead Átha agus an praghas i ndá stáisiún peitril eile sa bhaile." Tarlaíonn praghsáil chomhuaineach níos minice ná a mhalairt de bharr iompair iomaithí agus níl sé neamhdhleathach ann féin. Os coinne seo, dá mba rud é gur chuir an gearánach eolas ar fáil faoi aontú idir lucht na stáisiún peitril nach mbainidís an bonn dá chéile agus gur léirigh na praghsanna leibhéal áirithe de chomhordú, is dócha go gcuirfeadh an tÚdarás tús le hiniúchadh.

Faigheann cuid de na gearáin **luacháil níos mionsonraithe** d'fhonn measúnú a dhéanamh ar a dtábhacht agus cinneadh a dhéanamh faoi ar cheart imscrúdú iomlán a oscailt. Sa luacháil mhionsonraithe seo, d'fhéadadh taighde cúlra, ag glacadh le ráitis fhoirmiúla ó ghearánaigh agus ó thríú páirtithe agus scrúdú faoi pharaiméadair dhlíthiúla an cháis i gceist. Áirítear leis na príomh-chúiseanna go réitítear gearán tar éis luachála mar sin:

- Ní féidir tacú leis an ngearán;
- Baineann an gearán le haighneas príobháideach nó conarthach gan aon bhrí ó thaobh na hiomaíochta de;
- Tá dlínse ag áisínteacht rialaithe eile agus is féidir leis an scéal a leigheas ar bhealach níos tráthúla trí fheidhmiú a cumhachtaí; agus,
- Tá ceisteanna agus fíricí i gceist atá cosúil leis na cinn a scrúdaíodh agus a réitíodh ag an Údarás Iomaíochta cheana féin

	2005	2004	2003
IOMLÁN A FUARTHAS	413	293	200
Réitithe ag an Réamh-thástáil	328	212	169

Luacháil Mhionsonrach	61	25	26
Ar Siúl Fós	27	-	-
Réitithe	34	25	-
Curtha le hiniúchadh/obair ar siúl faoi láthair	19	42	-
Lán-iniúchadh	6	14	5

Conas dul i dteagmháil leis an Údarás Iomaíochta

Foirm Gearáin ar Líne	www.tca.ie/complaints.html
Ríomhphost:	complaints@tca.ie
Fón:	LoCall: 1890 220 224 (intl.:+353-1-8045400)
Facs:	+353-1-8045401
Gearáin Scríofa:	An tÚdarás Iomaíochta, Teach Pharnell, 14 Cearnóg Pharnell, Baile Átha Cliath 1.

Mír 2: Luacháil ar Chumaisc agus Éadálacha

2. Luacháil ar Chumaisc agus Éadálacha

D'fhan cumaisc agus éadálacha i ngeilleagar na hÉireann ag leibhéal ard i gcónaí i gcaitheamh 2005. Mar thoradh, tá an líon cumaisc a dhéantar faisnéise mar gheall orthu go dtí an tÚdarás Iomaíochta ag dul i méid i gcónaí. Fuarthas 84 cumasc i 2005 le hais 81 a cuireadh isteach i 2004. Bhí figiúr 2004 mar ardú 70% ar an méid a fuarthas i 2003.

Is féidir leis an gcuid is mó de chumaisc a bheith tairbhiúil do thomhaltóirí, trí éifeachtúlacht a chur chun cinn agus costais neamhriachtanacha a laghdú. Mar sin féin, d'fhéadadh cumaisc áirithe maolú ar iomaíocht a chruthú, rud nach mbeadh chun leas tomhaltóirí. Tá sé thar a bheith tábhachtach dá bhrí sin go ligeann forfheidhmiú éifeachtach tráthúil do chumaisc thairbhiúla a chuirfidh geilleagar éifeachtach dinimiceach chun cinn agus a chuireann cosc ar na cinn a mhaolaíonn iomaíocht go mór.

2.1 Faisnéisí Cumasc i gcaitheamh 2005

Ghlac an tÚdarás Iomaíochta lán-fheidhm luachála cumasc agus éadálacha ar 1ú Eanáir 2003. Roimh sin ba é an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta ba mhó a bhí freagrach as cumaisc.

Ní gá ach do chumaisc ina mbaineann amach na páirtithe atá i gceist tairseach sonrach a shonraítear san Acht Iomaíochta, 2002 a gcuid idirbhearta a fhaisnéisiú le haghaidh luachála ag an Údarás Iomaíochta. Níl aon tairseach faisnéise i gceist a mheastar a bheith ina gcumaisc meán agus mar sin ní mór faisnéis a thabhairt faoi gach cumasc meán.

Léiríonn na cumaisc a fuair an tÚdarás Iomaíochta i 2005 na réimsí tábhachtacha i ngeilleagar na hÉireann a n-imrítear tionchar orthu, mar mhiondíolachán, tógáil, teileachumarsáid, seirbhísí airgeadais, na meáin agus IT. D'fhéadadh mí-éifeachtulacht nó praghsanna arda de bharr easpa iomaíochta ina leithéid d'earnálacha drochthionchar a imirt ar thomhaltóirí na hÉireann ar fad.

Féach Aguisín xxx le haghaidh liosta iomláin de na cumaisc a fuair an tÚdarás Iomaíochta i 2005.

Áirítear le roinnt de na buaicphointí a bhaineann le luacháil an Údaráis Iomaíochta faoi chumaisc agus éadálacha i 2005:

- Tháinig méadú ar líon na gcumasc a fuair an tÚdarás Iomaíochta go 84 i 2005 le hais 81 i 2004 agus 47 i 2003;
- I gcaitheamh na bliana, chuir an tÚdarás Iomaíochta críoch lena chuid oibre ar 11 idirbhearta a fuarthas i 2004 agus ar shín a gcuid sprioc-amanna isteach go 2005;
- Rinneadh anailís ar gach uile idirbheart taobh istigh den tréimhse reachtúil;
- Glanadh 93 de na 95 idirbhearta i gcaitheamh 2005 le linn an iniúchta tosaigh;
- I 2005, chuir an tÚdarás Iomaíochta tús le hiniúchadh lán amháin (iniúchadh ag Pas 2);
- Chuir an tÚdarás Iomaíochta críoch freisin le hiniúchadh amháin ag Pas 2 a fuarthas i 2004;
- I gcaitheamh na bliana, glanadh cúig idirbhearta le bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna a chuir an tÚdarás Iomaíochta le linn iniúchta tosaigh (Pas 1); agus,
- I 2005, bhí neart gníomhaíochta maidir le cumaisc agus éadálacha in Éirinn le 23 cumasc meán tugtha le fios don Údarás Iomaíochta le hais 14 i 2004.

Ba é 2005 freisin an tríú bliain ó ghlac an tÚdarás Iomaíochta athbhreithniú ar chumaisc agus éadálacha in Éirinn ón Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta.

- Sa trì bhliain a chuaigh thart, tugadh faisnéis don Údarás Iomaíochta faoi 212 cumasc agus éadáil (47 i 2003; 81 i 2004 agus 84 i 2005).
- Tá cinneadh déanta ag an Údarás Iomaíochta le 209 de na cásanna seo, tarraingíodh 2 cheann siar agus tá an ceann deireanach faoi athbhreithniú fós.
- Taispeánann Figiúr 1 anseo thíos na comparáidí míosúla de na fógraí a fuair an tÚdarás Iomaíochta don tréimhse 2003 go 2005. Ba é Meitheamh 2005 an mhí ba ghnóthaí leis an uimhir is airde de fógraí a fuair an tÚdarás Iomaíochta. Is é mí na Nollag an mhí is gnóthaí i gcónaí le 10 fógra ar a mheán sa trí bhliain a chuaigh thart.

2.2 Cumaisc ina raibh gá le Iniúchadh Lán (Pas 2)

Is féidir leis an Údarás Iomaíochta iniúchadh mionsonrach a dhéanamh (iniúchadh ag Pas 2) ar idirbheart mura bhfuil an tÚdarás in ann, tar éis dó iniúchadh tosaigh (iniúchadh ag Pas 1) a dhéanamh, cinneadh a dhéanamh nach ndéanfadh an idirbheart "laghdú mór ar iomaíocht". I 2005, chuir an tÚdarás Iomaíochta tús le hiniúchadh lán amháin (iniúchadh ag Pas 2);

- Glanadh an éadáil a moladh de MS Irish Cable Holdings B. V. (ag trádáil mar NTL Ireland) ag UPC Ireland B.V. i Samhain 2005 faoi réir 19 coinníollacha (M/05/024 NTL/UPC)

Chuir an tÚdarás Iomaíochta críoch freisin le hiniúchadh amháin ag Pas 2 a fuarthas i 2004;

- Glanadh an éadáil a moladh de Heiton Group plc ag Grafton Group go luath in Eanáir 2005 faoi réir dá choinníoll (M/04/051 Grafton/Heiton).

Éadáil NTL ag UPC Ireland

D'fhógair an tÚdarás Iomaíochta ar 4ú Samhain 2005 a chinneadh go bhféadfaí an éadáil a moladh de MS Irish Cable Holdings B. V. (ag trádáil mar NTL Ireland) ag UPC Ireland a chur i bhfeidhm faoi réir coinníollacha áirithe. Is le Liberty Global Inc, ar leo freisin an soláthraí cábla Éireannach Chorus, UPC Ireland (Fógra Cumaisc M/05/024).

Tar éis lán-iniúchadh (Pas 2) a dhéanamh bhí údar imní nach beag ag an Údarás Iomaíochta faoi leasa tras-sealúchais ag cuid de na stiúrthóirí ar Liberty Global, lena n-áirítear John Malone, an scairshealbhóir is mó in Liberty Global. Bhí imní go sonrach ar an Údarás faoi leasa tras-sealúchais

Figiúr 1: Cumaisc Curtha in Iúl don Údarás Iomaíochta 2003-2005



	EAN	FEAB	MÁR	AIB	BEAL	MEIT	IÚIL	LÚN	MEÁN	DEIR	SAMH	NOL
2003	0	5	2	3	4	7	4	2	3	4	1	12
2004	6	5	7	8	8	4	5	6	8	4	8	12
2005	1	7	4	4	8	14	8	8	10	5	7	8

ceangailte le NewsCorporation agus BSkyB. Chun aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna seo, tá aontaithe ag na páirtithe le 19 coinníollacha a cuireadh mar cheangal leis an idrbheart. Rinne an tÚdarás Iomaíochta cinneadh go bhféadfaí an idirbheart a chur i bhfeidhm faoi réir na 19 coinníollacha seo. (Chun liosta iomlán de na coinníollacha a fheiceáil, féach suíomh gréasáin an Údaráis Iomaíochta www.tca.ie)

Ós rud é gur cumasc meán a bhí i gceist anseo faoin Acht Iomaíochta 2002, cuireadh an t-ábhar go dtí an tAire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta chun athbhreithniú neamhspleách a dhéanamh. Cé go gcaithfidh an tÚdarás Iomaíochta a chinneadh a dhéanamh bunaithe ar cheisteanna iomaíochta, is féidir leis an Aire cinneadh neamhspleách a dhéanamh atá bunaithe ar chritéir faoi leith nach mbaineann le hiomaíocht laistigh de 30 lá (Cumasc faoi Phas 2). Sa chás seo, ní dhearna an tAire aon ordú a chuirfeadh cosc ar an gcumasc a bheith á chur i bhfeidhm.

Éadáil Heiton ag Grafton

D'fhógair an tÚdarás Iomaíochta ar 6ú Eanáir 2005 go raibh an éadáil a moladh ag Grafton Group plc de Heiton Group plc ceadaithe aige le dhá choinníoll (Fógra Cumaisc M/04/051).

Le linn iniúchta lán (Pas 2) rinne an tÚdarás Iomaíochta iniúchadh faoin tionchar ar iomaíocht i soláthar seirbhíse ceannaíochta tógálaithe agus DIY. Tar éis an iniúchta seo rinne an tÚdarás Iomaíochta cinneadh nach mbeadh toradh na hidirbhearta seo a moladh "iomaíocht a laghdú go mór" agus dá réir sin go bhféadfaí an idirbheart a moladh a chur i bhfeidhm faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

- Ar feadh trí bliana ón dáta ar cuireadh an éadáil i bhfeidhm, coinneoidh Grafton Group agus a chomharbaí an tÚdarás ar an eolas roimh ré faoi gach uile chumasc nó éadáil a moladh in earnáil na gceannaithe tógálaithe sa Stát, a bhfuil baint aice leis, agus déanfaidh siad faisnéise faoina leithéid d'idirbhearta de réir Ailt 18(3) den Acht Iomaíochta 2002 nuair a iarrtar orthu ag an Údarás a leithéid a dhéanamh.

- De bhun Ailt 22(6) den Acht Iomaíochta 2002, ní mór an éadáil a chur i bhfeidhm laistigh de 13 mí tar éis an cinneadh a dhéanamh.

2.3 Cumaisc a glanadh le bearta sonracha a bhfuil mar aidhm leo aghaidh a thabhairt ar cheisteanna iomaíochta tar éis iniúchadh tosaigh a dhéanamh

Mar chuid d'iniúchadh tosaigh an Údaráis Iomaíochta (pas 1), is féidir leis na páirtithe a bhaineann leis an idirbheart moltaí a chur isteach chun aghaidh a thabhairt ar aon cheisteanna iomaíochta. Éiríonn na moltaí seo ceangailteach go dlíthiúil má chuireann an tÚdarás Iomaíochta san áireamh iad mar bhunús nó mar chuid dá chinneadh. I gcaitheamh na bliana, glanadh cúig idirbhearta le bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna a chuir an tÚdarás Iomaíochta le linn iniúchta tosaigh (Pas 1)

I gcaitheamh 2005, ghlan an tÚdarás Iomaíochta cúig idirbhearta faoi Phas 1 le beart sonracha a raibh mar aidhm leo aghaidh a thabhairt ar cheisteanna a chuir an tÚdarás chun tosaigh;

- Glanadh an éadáil a moladh de Century Homes ag Kingspan Group Limited in Aibreán 2005 faoi réir aon bhearta amháin a raibh mar aidhm léi aghaidh a thabhairt ar cheisteanna iomaíochta (M/05/009 – Kingspan/Century Homes);

- Glanadh an éadáil a moladh de Donegal radio Highland Limited (ag trádáil mar Highland Radio) ag Scottish Radio Holdings plc i Lúnasa 2005 faoi réir trí coinníollacha a raibh mar aidhm leo aghaidh a thabhairt ar cheisteanna iomaíochta (M/05/025 Highland Radio/Scottish Radio Holdings).

- Glanadh an éadáil a moladh de shócmhainní áirithe de chuid United Beverages Sales Limited ag M & J Glesson and Co. i Lúnasa 2005 faoi réir dá bheart shonracha a raibh mar aidhm leo aghaidh a thabhairt ar cheisteanna iomaíochta (M/05/027 – M&J Gleeson/United Beverages);

- Glanadh an éadáil a moladh do Eason Electronic Limited ag Alphyra Ireland i mí Iúil 2005 faoi réir dá bhearta shonracha a raibh mar aidhm leo aghaidh a thabhairt ar cheisteanna iomaíochta (M/05/028 – Alphyra/Eason Electronic);

- Glanadh an éadáil a moladh de Meteor Mobile Communications ag eircom Group plc i Samhain 2005 faoi réir ocht mbearta a raibh mar aidhm leo aghaidh a thabhairt ar cheisteanna iomaíochta (M/05/050-eircom/Meteor).

Éadáil Century Homes ag Kingspan

D'fhógair an tÚdarás Iomaíochta ar 13ú Aibreán 2005 a chinneadh go bhféadfaí an éadáil a moladh de Woodroe Limited (ag trádáil mar Century Homes) ag Kingspan Group Limited a chur i bhfeidhm faoi réir bearta sonraí a raibh mar aidhm léi aghaidh a thabhairt ar cheisteanna iomaíochta.

Tar éis iniúchta tosaigh (iniúchadh ag Pas 1), rinne an tÚdarás Iomaíochta cinneadh go bhféadfaí an idirbheart a moladh a chur i bhfeidhm faoi réir athchóirithe ar na sainmhínithe de théarmaí áirithe a úsáideadh sa chomhaontú éadála. Bhain na téarmaí le clásal neamhchríochnaithe gaolta go díreach agus a bhí riachtanach chun an cumasc a chur i bhfeidhm.

Rinne na páirtithe moladh go ndéanfaí athchóiriú ar an sainmhíniú a bhí ann ar dtús ar na téarmaí "Réimse Gnó Srianta" agus "Tréimhse Srianta". Ghlac an tÚdarás Iomaíochta le moladh na bpáirtithe go ndéanfaí athchóiriú ar na sainmhínithe ach níor fhoilsigh sé na sainmhínithe athchóirithe, de bharr riachtanas rúndachta.

Éadáil Highland Radio ag Scottish Radio Holdings

D'fhógair an tÚdarás Iomaíochta ar 26ú Lúnasa 2005 a chinneadh go bhféadfaí an éadáil a moladh de Donegal Highland Radio Limited (ag trádáil mar Highland Radio) ag Scottish Radio Holding plc a chur i bhfeidhm faoi réir roinnt bearta sonracha a raibh mar aidhm leo aghaidh a thabhairt ar cheisteanna iomaíochta (Nótúchán Cumaisc M/05/025).

Tar éis iniúchta fhada ag Pas 1, rinne an tÚdarás cinneadh go bhféadfaí an idirbheart a moladh a chur i bhfeidhm faoi réir na moltaí seo a leanas:

- Éireoidh Scottish Radio Holdings plc agus Donegal Highland Radio Limited (ag trádáil mar Highland Radio) as aon rannpháirtíocht i ndíolachán fógraíochta Independent Radio Sales Limited (IRS) ar nó roimh shé mhí tar éis an dáta ar críochnaíodh an éadáil a moladh.

- Go dtugann na páirtithe gealltanas scaradh le aon scairshealbh in IRS, éirí as aon bhaint le bainistíocht ar IRS agus iad féin a tharraingt siar ó bhord IRS de réir an amchláir chéanna.

- Chun amhras a sheachaint, ní bheidh de rian ag an ngealltanas seo cosc a chur ar IRS a bheith ag ceannach aerama ó Highland Radio chun a athdhíol le lucht fógraíochta faoi réir gan Highland Radio a bheith páirteach ar aon bhealach sa bhrabús a fhabhraíonn go IRS ná in athdhíol an aerama seo ag IRS.

Ós rud é gur cumasc meán a bhí i gceist anseo faoin Acht Iomaíocht a 2002, cuireadh an t-ábhar go dtí an tAire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta chun athbhreithniú neamhspleách a dhéanamh. Laistigh de 10 lá , is féidir leis an Aire iarraidh ar an Údarás Iomaíochta lán-iniúchadh a dhéanamh (iniúchadh faoi Phas 2) faoin idirbheart. Sa chás seo, ní dhearna an tAire aon ordú ag iarraidh ar an Údarás iomaíochta iniúchadh faoi Phas 2 a dhéanamh.

Éadáil sócmhainní United Beverages ag Gleeson

D'fhógair an tÚdarás Iomaíochta ar 23ú Lúnasa 2005 a chinneadh go bhféadfaí an éadáil a moladh de shócmhainní áirithe de chuid United Beverages Sales Ltd. ag M & J Gleeson and Co. a chur i bhfeidhm faoi réir bearta sonracha a raibh d'aidhm leo aghaidh a thabhairt ar cheisteanna iomaíochta (Fógra Cumaisc M/05/027).

Tá M & J Gleeson gníomhach i ndéantús, mórdhíol, agus dáiliúchán deochanna boga, mianraí agus deochanna alcólacha. Is fo-chuideachta iomlán de chuid Diageo Ireland agus is cuid de Diageo plc iad United Beverages Sales atá gníomhach freisin i ndéantús, mórdhíol, agus dáiliúchán deochanna boga, mianraí agus deochanna alcólacha.

Tar éis an iniúchta seo rinne an tÚdarás Iomaíochta cinneadh nach mbeadh toradh na hidirbhearta seo a moladh "iomaíocht a laghdú go mór" agus dá réir sin go bhféadfaí an idirbheart a moladh a chur i bhfeidhm faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

- Go ceann cúig bliana ón dáta ar cuireadh an éadáil a moladh de shócmhainní áirithe de chuid United Beverage Sales Limited i bhfeidhm, coinneoidh M & J Glesson agus a chuid cuideachtaí cleamhnaithe an tÚdarás Iomaíochta ar an eolas i scríobh roimh ré faoi gach uile chumasc nó éadáil d'aon dáilitheoir mórdhíolacháin de dheoch bhog nó deoch alcólach atá lonnaithe sna háiteanna seo a leanas: Cathair agus Contae Chorcaí, cathair agus Contae Átha Cliath agus Contaetha Chill Dara, Lú, Mhuineacháin, na Mí agus Chill Mhantáin, ina bhfuil siad mar an sealbhóir atá molta agus déanfaidh siad faisnéise faoin a leithéid d'idirbhearta go dtí an tÚdarás faoi Alt 18 (3) den Acht Iomaíochta, nuair agus má iarrtar sin a dhéanamh ag an Údarás Iomaíochta.

Éadáil Eason Electronic Limited ag Alphyra Ireland Limited

Ar 14ú Iúil 2005, rinne an tÚdarás Iomaíochta go bhféadfaí an éadáil a moladh d'Eason Electronic Limited ag Alphyra Ireland Limited (Fógra Cumaisc M/05/028) a chur i bhfeidhm faoi réir roinnt bearta sonracha a raibh d'aidhm leo aghaidh a thabhairt ar cheisteanna iomaíochta.

Tá Alphyra gníomhach i soláthar gréasáin íocaíochta leictreonaí ar fud na tíre a ligeann do mhiondíoltóirí íocaíochtaí leictreonacha a phróiseáil. Chomh maith leis seo, cuireann Alphyra roinnt seirbhísí breisluacha ar fáil, lena n-áirítear ag dáileadh teirminéal do mhiondíoltóirí chun "top-ups" réamhíoctha le haghaidh teileafóin siúil a dhíol agus cártaí glaoigh idirnáisiúnta, íocaíochtaí billí fóntas agus seirbhísí

crannchuir leictreonacha ar a ghréasán. Bhí baint ag Eason Electronic Limited freisin i soláthar teirminéal agus bogearraí gaolmhara a ligeann do mhiondíoltóirí top-ups le haghaidh teileafóin siúil agus cártaí glaoigh idirnáisiúnta, idirbhearta cártaí dochair agus cártaí creidmheasa a dhíol.

Bhí imní ar an Údarás Iomaíochta faoin tionchar a d'fhéadadh a bheith ag an idirbheart a moladh ar chríoch-thomhaltóirí a bhíonn i dtuilleamaí airgid thirim chun top-ups teileafóin siúil a fháil agus go mór mór;

- Custaiméirí nach bhfuil cuntas acu le ceann de na cuideachtaí teileafóin siúil;
- Custaiméirí nach bhfuil cártaí creidmheasa nó cártaí dochair acu; nó,
- Cuirtear srian ar chustaiméirí nach bhfuil cuntas bainc acu le bainc a thairgíonn top-ups ATM top-ups a cheannach le hairgead tirim amháin.

Chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna an Údaráis Iomaíochta, rinne Alphyra an moladh seo a leanas, a ndearna an tÚdarás cinneadh air go bhféadadh an idirbheart dul ar aghaidh:

- Go ceann cúig bliana ón dáta ar cuireadh an éadáil a moladh i bhfeidhm, coinneoidh Alphyra Holdings Limited, a chuid fo-chuideachtaí agus a chuid cuideachtaí cleamhnaithe (don mhéid faoi smacht Alphyra Holdings Limited, faoi mar a úsáidtear an téarma sin in Alt 16(2) den Acht Iomaíochta, 2002) agus a chomharbaí ("Alphyra") an tÚdarás Iomaíochta ar an eolas i scríobh roimh ré faoi gach uile chumasc nó éadáil in earnáil top-ups teileafóin siúil in oileán Éireann ina bhfuil siad mar an sealbhóir molta agus déanfaidh siad faisnéise faoin a leithéid d'idirbhearta go dtí an tÚdarás faoi Alt 18 (3) den Acht Iomaíochta, 2002, nuair agus má iarrtar sin a dhéanamh ag an Údarás. Chomh maith leis sin, inseoidh Alphyra don Údarás Iomaíochta i scríobh roimh dó a ghnó top-ups teileafóin siúil a dhíol le tríú páirtí cé nach gcuirfear aon oibleagáid ar Alphyra faisnéise a thabhairt faoin a leithéid de dhíol don Údarás Iomaíochta.
- Beidh na hoibleagáidí réamhléirithe i gceist freisin, ar bhunús leithleach agus ar feadh an tréimhse chéanna de chúig bhliain, le haghaidh Benchmark Management UK L.L.P. ("Benchmark") chomh fada agus a choinneoidh Benchmark smacht, faoi mar a úsáidtear an téarma sin in Alt 16(2) den Acht Iomaíochta, 2002, ar Alphyra le linn an tréimhse cúig bliana sin.

Éadáil Meteor ag eircom

D'fhógair an tÚdarás Iomaíochta ar 26ú Lúnasa 2005 a chinneadh go bhféadfaí an éadáil a moladh de Meteor Mobile Communications Limited (ag trádáil mar Meteor) ag eircom Group plc a chur i bhfeidhm faoi réir ocht mbearta sonracha a raibh mar aidhm leo aghaidh a thabhairt ar cheisteanna iomaíochta (Fógra Cumaisc M/05/050).

Bhí d'aidhm ag na hocht bearta sonracha ceangailte leis an idirbheart seo aghaidh a thabhairt ar cheisteanna faoi thrédhearcacht leithdháileadh cost agus aistrithe inmheánacha laistigh d'eircom. Go sonrach, ligfidh na beartais seo don Rialtóir Cumarsáide (comReg) na rudaí seo a leanas a fháil:

- Ráitis chuntasaíochta shonracha le haghaidh Meteor;
- Ráitis chuntasaíochta shonracha le haghaidh aon aonáin teileafóin siúil a bhunófar laistigh d'eircom;

- Sonraí faoi leithdháileadh costas agus aistrithe inmheánacha idir gnó líne seasta eircom agus Meteor;

- Sonraí faoi leithdháileadh costas agus aistrithe inmheánacha idir gnó líne seasta eircom agus aon aonán teileafóin siúil a bhunófar laistigh d'eircom; agus,

- Sonraí faoi leithdháileadh costas agus aistrithe inmheánacha idir Meteor agus aon aonán teileafóin siúil a bhunófar laistigh d'eircom.

Tar éis an iniúchta seo rinne an tÚdarás Iomaíochta cinneadh nach mbeadh toradh na hidirbhearta seo a moladh "iomaíocht a laghdú go mór" agus dá réir sin go bhféadfaí an idirbheart a moladh a chur i bhfeidhm faoi réir na moltaí thuas (chun sonraí iomlána na moltaí ar fad a fheiceáil, féach suíomh gréasáin an Údaráis Iomaíochta www.tca.ie)

2.4 Cumaisc Meán

Ar 1ú Eanáir 2003, tháinig baint tairseach láimhdeachas le haghaidh cumasc meán i bhfeidhm trí Ordú Aire. Ciallaíonn sé seo nach mór faisnéis faoi aon chumasc a bhfuil baint ag aon cheann de na páirtithe leis (lena n-áirítear, ach gan a bheith srianta le, nuachtáin, raidió nó craoladh) a thabhairt don Údarás Iomaíochta.

Ligeann an tAcht Iomaíochta 2000 gur féidir cosc a chur le cur i bhfeidhm cumaisc meán a ghlan an tÚdarás Iomaíochta ó thaobh iomaíochta de tar éis lán-iniúchadh a dhéanamh, ag an Aire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta ar mhaithe le leas an phobail.

I 2005, bhí neart gníomhaíochta maidir le cumaisc agus éadálacha in Éirinn le 23 cumasc meán tugtha le fios don Údarás Iomaíochta le hais 14 i 2004. Amach as na 23 cumasc meán ar tugadh faisnéis fúthu i 2005;

- Bhain 5 le héadáil stáisiún raidió;

- Bhain 8 le héadáil foilseachán cló;

- Bhain 7 le héadáil ardán craolta agus/nó ábhar craolta

- Bhain na trí cinn eile le héadáil spriocanna nach cuid de na meáin iad (clúdaítear iad seo faoin Acht Iomaíochta nuair a bhíonn baint ag páirtí amháin nó níos mó le gnó sna meáin).

- Glanadh 10 gcinn ag an Údarás Iomaíochta faoi dheireadh na bliana

- Glanadh dhá cheann eile in Eanáir 2006 agus déanfaidh an tÚdarás Iomaíochta cinneadh faoi na cumaisc meáin eile i gcaitheamh 2006; agus,

- Ní dhearna an tAire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta aon ordú i gcaitheamh 2005 ag cosc cumaisc meán ó bheith á chur i bhfeidhm.

Cumaisc Meán ar tugadh Faisnéis fúthu don Údarás Iomaíochta i 2005

Fógra	Tionscal	Dáta Faisnéise	Stádas
M/05/005 – Radio Two Thousand / Maypril	Craoladh Raidió	09/02/2005	Glanta 9ú Márta, 2005
M/05/020 – UTV / Wireless	Craoladh Raidió	13/05/2005	Glanta 1ú Meithimh, 2005
M/05/024 – UGC (Chorus) / NTL	Cumarsáid leictreonach agus craoladh	24/05/2005	Glanta le Coinníollacha: 4ú Samhain, 2005
M/05/025 – SRH / Highland Radio	Craoladh Raidió	01/06/2005	Glanta 25ú Lúnasa, 2005
M/05/026 – Radio Kerry / Midland Radio	Craoladh Raidió	02/06/2005	Glanta 1ú Iúil, 2005
M/05/029 – Setanta / NASN	Meáin	09/06/2005	Glanta 8ú Iúil, 2005
M/05/030 – Benchmark Europe / Setanta	Meáin	09/06/2005	Glanta 8ú Iúil, 2005
M/05/036 – Emap / SRH	Meáin	28/06/2005	Glanta 28ú Iúil, 2005
M/05/037 – Johnston Press / Score Press	Meáin	29/06/2005	Glanta 28ú Iúil, 2005
M/05/038 – Leinster Leader / Tallaght Publishing	Nuachtán	29/06/2005	Glanta 22ú Iúil, 2005
M/05/051 – Trinity Mirror / Smart Media	Meáin	17/08/2005	Glanta 15ú Meán Fómhair, 2005
M/05/052 – Trinity Mirror / Financial Jobs Online	Meáin	17/08/2005	Glanta 16ú Meán Fómhair, 2005
M/05/053 – General Electric (NCB) / Business News (CNBC)	Meáin / Teilifís	19/08/2005	Glanta 19ú Meán Fómhair, 2005
M/05/058 – Trinity Mirror / Hotgroup	Earcú ar Líne	12/09/2005	Glanta 6ú Deireadh Fómhair, 2005
M/05/061 – Trader Publishing / Webzone	Foilsitheoireacht	19/09/2005	Glanta 3ú Samhain, 2005
M/05/062 – Johnston Press / Local Press	Nuachtán	21/09/2005	Glanta 21ú Deireadh Fómhair, 2005
M/05/065 – Johnston Press / The Leinster Leader	Nuachtán	30/09/2005	Glanta 2ú Nollag, 2005
M/05/069 – Sky Broadband / Easynet	Craoladh / Leathanbhanda	28/10/2005	Glanta 24ú Samhain, 2005
M/05/070 – NTL UK / Telewest	Meáin	02/11/2005	Glanta 2ú Nollag, 2005
M/05/071 – Associated Newspapers & Irish Times & Metro / Fortunegreen	Nuachtáin	04/11/2005	Glanta 1ú Nollag, 2005
M/05/072 – Benchmark Europe II / Setanta Sport	Craoladh Teilifíse	18/11/2005	Glanta 12ú Nollag, 2005
M/05/079 – Radio County Sound / Dooley and Feeney	Meáin	07/12/2005	Beo
M/05/083 – Trinity Mirror Digital / Paldonsay	Meáin – Foilsitheoireacht Nuachtán agus meán Leictreonacha agus ar líne	23/12/2005	Glanta 11ú Eanáir, 2005

2.5 Cumaisc faoin tairseach faisnéise

Tá d'acmhainneacht ag cumaisc atá faoi bhun na dtairseach láimhdeachais srian a chur le hiomaíocht freisin. Go mór mór, féadfaidh siad Alt 4 agus/nó 5 den Acht Iomaíochta, a chinntíonn nach bhfeidhmíonn cuideachtaí chun dochar custaiméirí, a bhriseadh.

Tar éis dó iniúchadh a dhéanamh ar líon cumasc dá leithéid, ar 30ú Meán Fómhair 2003, d'eisigh an tÚdarás Iomaíochta Fógra (N/03/001) a chuireann a bheartas in iúl maidir lena leithéid d'idirbhearta. Tugann an Fógra seo soiléiriú do pháirtithe faoi conas a bheidh an tÚdarás Iomaíochta ag láimhseáil cumasc nuair nach gá faisnéis a thabhairt agus cuireann sé beartas an Údaráis in iúl chun a chinntiú nach ndéanfaidh a leithéid de mhargaí dochar d'iomaíocht ná do thomhaltóirí.

Go bunúsach, má cheapann an tÚdarás Iomaíochta, tar éis dó iniúchadh tosaigh a dhéanamh, go gcruthódh an idirbheart ceisteanna iomaíochta, rachaidh sé i dteagmháil leis na páirtithe chun a fháil amach ar mian leo faisnéis a thabhairt go deonach. Mura dtugann na páirtithe faisnéis go deonach faoin idirbheart, déanfaidh an tÚdarás Iomaíochta iniúchadh an raibh briseadh d'Alt 4 agus/nó 5 ann. Nuair is gá, féadfaidh an tÚdarás Iomaíochta imeachtaí dlíthiúla a eisiúint, ag iarraidh urghaire chun srian a chur le cur i bhfeidhm an chumaisc.

I gcaitheamh 2005, rinne an tÚdarás Iomaíochta dhá iniúchadh tosaigh faoi dhá fhaisnéis faoi bhun na tairsí maidir le cumaisc. Dúnadh iad seo ós rud é nach raibh dóthain fianaise ann chun tús a chur le hiniúchadh foirmiúil.

2.6 Nósanna Imeachta Cumasc

I 2005, d'fhoilsigh an tÚdarás Iomaíochta dhá dhoiciméad comhairliúcháin ag iarraidh tuairimí páirtithe leasmhara faoi ghnéithe sonracha de nósanna imeachta cumaisc. Ba iad na doiciméid seo ná:

- **Dréacht-Nósanna Imeachta maidir le Rochtain ar an gComhad i gCásanna Cumaisc:** chun treorú a thabhairt do ghnólachtaí agus a gcuid comhairleoirí faoi na próisis agus na cineálacha doiciméad a gceadaítear rochtain orthu tar éis Measúnú in athbhreithniú cumaisc a eisiúint; agus,

- **Dréacht-Nósanna Imeachta Athchóirithe maidir le hAthbhreithniú Cumasc agus Éadálacha:** chun na nósanna imeachta atá faoi láthair a nuashonrú de bharr taithí an Údaráis Iomaíochta ar athbhreithniú cumasc agus éadálacha sa trí bhliain a chuaigh thart.

Fuair an tÚdarás Iomaíochta dhá aighneacht a bhain leis an dá dhoiciméad comhairliúcháin. Tar éis dó críoch a chur lena athbhreithniú ar aighneachtaí agus ar cheisteanna eile a bhaineann le beartas, foilseoidh an tÚdarás Iomaíochta na Fógraí nua go luath i 2006.

2.7 Cumaisc Idirnáisiúnta agus Beartas faoi Chumaisc

I Nollaig 2005, chuaigh an tÚdarás Iomaíochta i mbun comhrá leis an gCoimisiún Eorpach faoi bheith ag tarchur na héadála a moladh de **Ark Life Assurance Company Limited ag Aviva plc** (Comp/M.4047). Cé gur in Éirinn féin a bhaineann an iomaíocht ar fad beagnach san idirbheart seo, tar éis dó sonraí an cháis agus fachtóirí margaidh a mheabhrú, rinne an tÚdarás Iomaíochta cinneadh gan dul ar aghaidh agus tarchur a iarraidh.

I dtaca le beartas maidir le cumaisc idirnáisiúnta, rinne an tÚdarás Iomaíochta comh-chathaoirleacht ar dhá staidéar a ghabh an International Competition Network (ICN) de láimh. Ba iad seo an Staidéar faoi Chleachtas Domhanda faoi Leighis Cumasc agus Tuarascáil an ICN faoi Threoirlínte um Chumaisc. Chuidigh an tÚdarás Iomaíochta freisin le siompóisiam OECD faoi leighis thrasteorann in athbhreithnithe cumasc.

Ról Rannóg na gCumasc san Údarás Iomaíochta

Is é an príomh-ról atá ag Rannóg na gCumasc ná an tasc reachtúil a bhaineann le athbhreithniú agus cinnteoireacht faoi chumaisc ar tugadh faisnéis fúthu laistigh de thréimhse sonraithe a chomhlíonadh. Déanann Rannóg na gCumasc iniúchadh chomh maith faoi chumaisc faoi bhun na tairsí ag úsáid Alt 4 agus 5 den Acht Iomaíochta. Déanann sé ionadaíocht thar ceann na hÉireann ag cruinnithe de chuid an Choimisiúin Eorpaigh faoi chásanna cumaisc agus beartas ó thaobh cumaisc.

Tá Rannóg na gCumasc déanta suas de Stiúrthóir, Comhairleoir Dlí, Bainisteoir Rannóige agus triúr Oifigeach Cásanna.

Nósanna Imeachta faoi Chumaisc in Éirinn (Acht Iomaíochta, 2002)

Triail Cumaisc: Laghdú suntasach ar iomaíocht
Is í an triail a úsáidtear chun cinneadh cé acu ar cheart don chumasc a bheith ceadaithe nó nár cheart ná an ndéanfaidh sé **"laghdú suntasach ar iomaíocht"** sna margaí a dtéann an cumasc i bhfeidhm orthu. Is é seo an triail a úsáidtear sa Ríocht Aontaithe agus glacadh le ceann cosúil leis ag an gCoimisiún Eorpach le déanaí. Tugann sé fócas faoi mar a théann idirbheart i bhfeidhm ar iomaíocht agus ar thomhaltóirí.

Tairseacha Faisnéise
Faightear na tairseacha le haghaidh faisnéise ó láimhdeachas na cuideachta. Caithfidh an dá chuideachta láimhdeachas bliantúil de €40 milliún a bheith acu ar fud an domhain. Caithfidh an bheirt acu a bheith i mbun gnó in oileán Éireann agus caithfidh ceann amháin acu ar a laghad láimhdeachas de €40 milliún a bheith acu laistigh den Stát. Má bhaintear na tairseacha amach, ní mór faisnéis a thabhairt.

Cumaisc faoi bhun na tairsí
Féadfaidh cumaisc atá faoi bhun na tairsí tionchar in aghaidh iomaíochta a chruthú fós a dhéanann díobháil do thomhaltóirí. Ceadaíonn an tAcht Iomaíochta, 2002, faisnéis a thabhairt faoina leithéid de chumaisc go deonach don Údarás Iomaíochta, chun go mbeidh cinnteacht dhlíthiúil ann. Tá seo de bharr go mbíonn cumaisc faoi bhun na tairsí fós faoi réir forghníomhaithe faoi Ailt 4 agus 5 den Acht agus tá iniúchadh déanta ag an Údarás Iomaíochta faoina leithéid d'idirbhearta.

Cumaisc Meán
Ní mór faisnéis a thabhairt faoi chumaisc meán atá faoi bhun na tairsí don Údarás Iomaíochta –tá seo ann de bharr Ordaithe Aire a rinneadh ar 1ú Eanáir, 2003. Sainmhíníonn an tAcht Iomaíochta gnó meán fairsing go maith, lena n-áirítear aon ghnólacht a bhfuil leas aige i nuachtáin, raidió, teilifís, teileachumarsáid srl. Sonraíonn an tAcht Iomaíochta freisin gur féidir leis an Aire, ar mhaithe le leas an phobail, cosc a chur ar chumasc meán a ceadaíodh ag an Údarás Iomaíochta.

Iniúchadh Tosaigh (Pas 1)
Is éard is Pas 1 ann ná iniúchadh tosaigh ar feadh míosa faoin gcumasc, rud ar leor é mar is iondúil chun é a ghlanadh. Is féidir an tréimhse míosa a shíneadh nuair a iarrann an tÚdarás Iomaíochta eolas breise go foirmiúil ó na páirtithe nó nuair a chuireann na páirtithe moltaí isteach le bearta sonracha a bhfuil d'aidhm leo aghaidh a thabhairt ar cheisteanna a chuir an tÚdarás Iomaíochta. Glanadh breis agus 98% de chumaisc a bhfuarthas faisnéis fúthu i 2005 ag Pas 1.

Iniúchadh Lán (Pas 2)
Féadfaidh an tÚdarás Iomaíochta lán-iniúchadh a dhéanamh (iniúchadh ag Pas 2) nuair nach bhfuil sé in ann cinneadh a dhéanamh tar éis iniúchadh tosaigh a dhéanamh nach gcruthódh cumasc "laghdú suntasach ar iomaíocht". Is éard is Pas 2 ann ná tréimhse trí mhí eile ina ndéantar iniúchadh mion ar an idirbheart agus ar an margadh/na margaí ina bhfeidhmíonn na páirtithe.

Measúnú
Le linn iniúchta ag pas 2, má tá ceisteanna tromchúiseacha ag Rannóg Cumasc an Údaráis Iomaíochta, féadfaidh sé Measúnú scríofa ar an idirbheart a eisiúint do na páirtithe le linn an tréimhse. Leagann seo amach ceisteanna Rannóg na gCumasc, agus tugann sé an deis do na páirtithe freagra a thabhairt.

Glanadh ón Aire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta
I gcumaisc meán, má ghlanann an tÚdarás Iomaíochta an cumasc ag Pas 1, cuirtear faoi bhráid an Aire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta é, ag an mbíonn deich lá chun cinneadh a dhéanamh an dteastaíonn uaidh iarraidh ar an Údarás Iomaíochta lán-iniúchadh a dhéanamh (Pas 2).

Nuair a ghlanann an tÚdarás Iomaíochta cumasc meán tar éis iniúchta faoi Phas 2, tá 30 lá ag an Aire, chun an cumasc a cheadú, a ghlanadh le coinníollacha nó a thoirmeasc. Is éard is bunús le cinneadh an Aire ní hé critéir maidir le hiomaíocht ach le leas an phobail mar a leagtar amach san Acht Iomaíochta (ar a dtugtar "critéir a bhaineann le hábhar"). Áirítear leis na critéir a bhaineann le hábhar rudaí mar éagsúlú úinéireachta, neart na meán dúchais agus tras-úineireacht meán éagsúla.

Achomharc do na Cúirteanna
Má chuirtear toirmeasc ar chumasc, tá mí ag na páirtithe chun cinneadh a dhéanamh ar mian leo lán-achomharc a dhéanamh don Ard-Chúirt. Má dhéanann na páirtithe achomharc, ansin déanfaidh an Chúirt cinneadh an bhfuil cinneadh an Údaráis Iomaíochta fírinnithe ná a mhalairt.

Mír 3: Ag cur Iomaíochta in Éirinn chun cinn

3. Ag cur Iomaíochta in Éirinn chun cinn

Chomh maith lena chuid feidhmeanna forfheidhmithe dlí agus rialaithe cumasc, tá dualgas ar an Údarás Iomaíochta freisin iomaíocht sa gheilleagar a chur chun cinn ar bhealaí éagsúla:

(i) Ag sainaithint agus ag tabhairt tuairimí faoin rian ar iomaíocht a imríonn na dlíthe nó na cleachtaí riaracháin atá ann faoi láthair.

(ii) Ag tabhairt comhairle don Rialtas, a chuid Airí agus áisínteachtaí, faoi na himplíochtaí maidir le hiomaíocht a bhaineann le reachtaíocht nó rialaíocht a mholtar.

(iii) Ag staidéar agus ag tabhairt poiblíochta faoi conas a fheidhmíonn iomaíocht sa gheilleagar.

(iv) Ag tabhairt comhairle agus ag coinneáil an phobail agus údarás poiblí ar an eolas faoi cheisteanna iomaíochta i gcoitinne.

3.1 Ag sainaithint srianta poiblí le hiomaíocht

Lean an tÚdarás Iomaíochta air i 2005 ag cur le feasacht agus ghlaoigh siad chun go mbainfí dlíthe agus rialacháin in aghaidh iomaíochta. Áirítear le ceisteanna ar chuir an tÚdarás Iomaíochta béim orthu na srianta le hiomaíocht idir cógaslanna, an t-imbhualadh a d'imir an tOrdú um Earraí Grósaera ar iomaíocht maidir le praghsanna sna hollmhargaí agus sna siopaí caoithiúlachta chomh maith le rialacháin reatha faoi cheadúnú.

Féadfaidh srianta poiblí le hiomaíocht nochtadh ar bhealaí éagsúla. Samplaí de shrianta poiblí le saoirse thráchtála chun iomaíocht a dhéanamh go cothrom ar mhaithe le tomhaltóirí iad srianta iomarcacha le hiontráil gnó nó gairme, reachtaíocht a bhronnann cearta monaplachta ar chomhlacht áirithe agus toirmeasc ar fhógraíocht. Is féidir iad seo a dhealú ó shrianta príobháideacha, a bhfuil baint níos mó acu le feidhmeanna Forfheidhmithe agus Rialaithe Cumasc an Údaráis Iomaíochta. Is é an toradh céanna i ndeireadh dála é, áfach – níos lú luach ar airgead agus rogha do thomhaltóirí.

Nochtann an tÚdarás Iomaíochta tuairimí faoina leithéid de shrianta agus pléadálann sé go mbaintear de nó go leasaítear iad trí fhreagra a thabhairt ar chuireadh poiblí tuairimí a nochtadh faoi earnálacha nó faoi cheisteanna áirithe.

In **Aguisín X**, tá fáil ar liosta iomlán na n-aighneachtaí foirmiúla a rinne an tÚdarás Iomaíochta i 2005.

Ordú um Earraí Grósaera: Aighneacht don Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta

Ar 8ú Samhain 2005, d'fháiltigh an tÚdarás Iomaíochta fógairt an Aire Micheál Martin TD, go raibh sé i gceist ag an Rialtas an tOrdú um Earraí Grósaera a bhaint de. Ina aighneacht don Aire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta in Iúil 2005, thug an tÚdarás Iomaíochta le fás go raibh Éire ar cheann de na tíortha is daoire san Eoraip ó thaobh siopadóireachta bia de.

Coimriú d'aighneacht an Údaráis Iomaíochta faoin Ordú um earraí grósaera (Iúil 2005)

a) Is iarsma ársa é an tOrdú um Earraí Grósaera ó linn na cosanta, gníomhú lag eagnamaíochta agus míchinnteacht náisiúnta, nuair a coinníodh go docht le cosaint ó iomaíocht. Tá an srian seo in aghaidh iomaíochta daor go maith do thomhaltóirí agus do gheilleagar na hÉireann.

b) Is sampla breá é ionchúiseamh dá ollmhargadh in Eanáir 2004 as lascainí a chur ar fáil ar bhia naoináin cén fath ar cheart droim láimhe a thabhairt don Ordú um Earraí Grósaera.

c) Mar a léiríodh ag an nGrúpa Straitéise Tomhaltóirí, tá sé neamhdhleathach faoin Ordú um Earraí Grósaera do mhiondíoltóirí lascainí móra a thabhairt dá gcuid custaiméirí. Tugann an tOrdú um Earraí Grósaera dlisteanacht chomh maith do chleachtaí a bheadh neamhdhleathach dá éagmais faoi dhlí na hiomaíochta.

d) Cuireann an rialachán seo in aghaidh iomaíochta leis an bhfadhb a bhaineann le praghsanna arda bia in Éirinn. Má bhaintear de é, is féidir leis oiread agus €577 milliún in aghaidh na bliana nó €481 gach líon tí (bunaithe ar mheastacháin don tréimhse Meitheamh 2004 go Meitheamh 2005) a shábháil.

e) Baineann an chosaint seo an bonn freisin de chumas iomaíochta thionscal bia na hÉireann agus cuireann sé bac ar fhostaíocht. Is é a bheith ag cur ionad margaidh atá bríomhar agus iomaíoch ar fáil sa bhaile an bealach is fearr chun a chinntiú go mbíonn cuideachtaí na hÉireann in ann dul i mbun iomaíochta go hidirnáisiúnta.

f) Níl gá le Ordú um Earraí Grósaera 1987 tuilleadh chun tomhaltóirí a chosaint ó iompar in aghaidh iomaíochta. Faigheann tomhaltóirí dóthain cosanta ó phraghsáil chreiche agus iompar eile in aghaidh iomaíochta tríd an Acht Iomaíochta, 2002.

g) Faigheann tomhaltóirí cosaint freisin ó chorp substaintiúil reachtaíochta a rialaíonn fógraíocht mhístiúireach nó bhréagach agus trédhearcacht praghsanna.

h) Is léir go bhfuil cliste ar an Ordú um earraí grósaera miondíoltóirí beaga neamhspleácha a chosaint. Is iad siopaí móra caoithiúlachta atá ceangailte le grúpaí siombail mar Spar, Centra agus Mace is mó atá i réim anois seachas na siopaí beaga traidisiúnta. Tá na siopaí caoithiúlachta seo in ann leas a bhaint as comh-chumhacht ceannaigh ós rud é gur baill iad de ghrúpaí siombail dá leithéid.

Am Bille um Cheadúnú Biotáille (2005): Aighneacht chuig an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí

D'fhoilsigh an tÚdarás Iomaíochta a aighneacht faoin mBille um Cheadúnú Biotáille (2005) ar 13ú Meithimh 2005. Ina aighneacht chuig an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, d'fháiltigh an tÚdarás Iomaíochta arís roimh na leasuithe molta a mhínítear sa Bhille um Cheadúnú Biotáille agus go mór mór ceadúnais na mbeár caifé.

Mar sin féin, chuir an tÚdarás Iomaíochta a thuairim in iúl nach mbeidh ach tionchar beag ag na leasuithe a mholtar ó thaobh spreagadh iomaíochta in earnáil ina bhfuil cosaint ar thábhairneoirí, grúdairí, driogairí agus dáileoirí deoch boga leis na cianta. Rinne an tÚdarás Iomaíochta roinnt moltaí maidir le breis athchóirithe a bheidh go leas tomhaltóirí, tionscal na haíochta agus an gheilleagair dar leis.

De réir aighneacht an Údaráis Iomaíochta cuireann an réimeas ceadúnaithe atá ann faoi láthair costais sho-sheachanta de bhreis agus €1 billiún ar an geilleagar, cruthaíonn sé praghsanna deoch níos airde, laghdaíonn sé an dreasacht do thábhairneoirí a bheith nuálaíoch agus rinne sé, má rinne aon rud, caitheamh míchuí alcóil. Le bheith ag cur srian le hiontráil agus ag múchadh iomaíochta, cuireann an córas ceadúnaithe atá ann faoi láthair ar chumas tábhairneoirí a gcuid praghsanna a ardú ar dheoch alcólach agus deoch bhog araon. Mar shampla, idir 1993 agus 2003, d'ardaigh praghas pionta pórtair i mbeáir 51.2% Sa tréimhse céanna, d'ardaigh an Treoiruimhir Praghsanna do Thomhaltóirí díreach 34.6%.

Is féidir cóip de lán-shonraí na socraíochta a íoslódáil ó shuíomh gréasáin an Údaráis Iomaíochta www.tca.ie

3.2 Ag tabhairt comhairle faoi reachtaíocht agus rialú a mholtar

Tugann an tÚdarás Iomaíochta comhairle go rialta do Ranna agus d'Áisínteachtaí Rialtais faoin rian, más ann dó, a imríonn iomaíocht ar reachtaíocht nua nó ar mholtaí faoi bheartas atá faoi mheabhrú. Tugann an tAcht Iomaíochta, 2002, feidhm shonrach don Údarás Iomaíochta comhairle a thabhairt don Rialtas, d'Airí agus d'Airí Stait faoina himplíochtaí ag reachtaíocht a mholtar maidir le hiomaíocht.

Agus an fheidhm seo á chur i ngníomh aige, féachann an tÚdarás Iomaíochta le béim a chur ar cheisteanna iomaíochta agus bac a chur ar aon iarmhairtí diúltacha do thomhaltóirí a d'fhéadadh beartais nua-mhúnlaithe (go neamhaireach nó a mhalairt) imirt.

I 2004, thug an tÚdarás Iomaíocht freagra ar 47 ócáidí ar iarratais le haghaidh comhairle ó Ranna Rialtais agus ó chomhlachtaí eile san earnáil phoiblí. Tugadh an chomhairle seo i bhformáidí éagsúla lena n-áirítear cruinnithe, tuairimí scríofa nó meascán den dá cheann. Bhí a lán earnálacha eacnamaíochta éagsúla i gceist, mar shampla:

Tábla 3.1: Comhairle faoi reachtaíocht agus rialaíocht a mholtar

Tuairimí go:	Comhairle / Moladh	Toradh
An Roinn Sláinte agus Leanaí (Eanáir 05)	Ba cheart go mbeadh móramh comhlachtaí cláraithe Sláinte agus Cúraim Sóisialta nach den ghairm iad gan rialú fo-dhlíthe (dréachta) a fhoilsiú agus ba cheart go mbeadh a gcuid cód iompair "profáilte ó thaobh iomaíochta" ag an Údarás.	Nochtann na moltaí seo ar fad in Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh 2005, a foilsíodh i Samhain 2005.
An Bord Bia (Eanáir-Feabhra 05)	D'fhéadfaí brí a thabhairt as frása i dTreoir an Bhoird faoi Mhargaí Feirmeoirí a bheith ag cur socrú praghsanna chun cinn agus ba cheart é a athchóiriú nó a bhaint de.	Bhain an Bord Bia an treoir seo dá shuíomh gréasáin i bhFeabhra 2005.
An Roinn Comhshaoil (Feabhra-Bealtaine 2005)	Ba cheart go ndéanfadh rialacháin a mholtar chun treorú de chuid an WEEE a chur i bhfeidhm soiléir nach féidir scéimeanna comharchumainn a úsáid mar chaladh slán le haghaidh cairtéal.	Focail shonracha curtha isteach i rialacháin (Iúil/Lúnasa) leis an mbrí sin.
An Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta (Aibreán-Bealtaine 05)	Cuireadh ceisteanna faoi éifeachtúlacht reachtaíochta faoi bhraiteoireacht ticéid agus moladh bealaí eile.	D'fhógair an tAire nach raibh an Rialtas chun reachtaíocht a dhéanamh sa réimse seo.

Ghlac foireann de chuid an Údaráis Iomaíochta páirt freisin in obair trí grúpaí oibre seachtracha:

- An Grúpa um Rialú Níos Fearr, Roinn an Taoisigh
- An Grúpa Athchóirithe ar Cheantálaíocht agus Gníomhaireacht Eastáit, An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.
- An Grúpa um Chur i bhFeidh m Straitéise Tomhaltóirí, An Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta

3.3 Ag déanamh staidéir ar conas a oibríonn iomaíocht in earnálacha éagsúla

I gcaitheamh 2005, d'fhoilsigh an tÚdarás Iomaíochta cúig thuarascáil faoi iomaíocht in earnálacha faoi leith den gheilleagar. Le blianta beaga anuas, tá trí mhór-staidéar ar siúl ag an Údarás Iomaíochta ar Bhaincéireacht, Árachas agus Seirbhísí Gairmiúla.

Tá feidhm á baint ag an Údarás Iomaíochta as na Staidéir seo chun iniúchadh a dhéanamh faoi rialacháin agus cleachtaí a d'fhéadadh srian a chur le hiomaíocht, agus iarrann sé go gcuirfí rialacháin in aghaidh iomaíochta ar ceal nó cinn nua a chur ina n-áit. Iarrann an tÚdarás Iomaíochta freisin staidéar a dhéanamh faoi conas a oibríonn iomaíocht sna hearnálacha atá i gceist agus iompar a shainaithint, cé nach gá dó a bheith mar bhriseadh dhlí na hiomaíochta, a chuireann srian le hiomaíocht mar sin féin. Ba iad na cúig tuarascálacha a foilsíodh i 2005 ná:

1. An Tuarascáil Dheireanach faoi 'Cheisteanna Iomaíochta i Margadh an Árachais neamh-bheatha";

2. An Tuarascáil Dheireanach faoi "Iomaíocht san earnáil baincéireachta (neamhinfheistíochta) in Éirinn",

3. An Tuarascáil Tosaigh faoi cheisteanna iomaíochta i ngairm an dlí (a chlúdaíon dlíodóirí agus aturnaetha);

4. An Tuarascáil Tosaigh faoi cheisteanna iomaíochta a bhaineann le gairm na fiaclóireachta; agus,

5. An Tuarascáil Tosaigh faoi cheisteanna iomaíochta a bhaineann le gairm na radharceolaíochta.

Árachas Mótair, Fostaitheoirí agus Dliteanais Phoiblí: Tuarascáil Dheireanach

D'fhoilsigh an tÚdarás Iomaíochta a thuarascáil dheireanach faoi "Cheisteanna Iomaíochta i Margadh an Árachais neamh-bheatha" ar 8ú Márta 2005. Rinne Tuarascáil an Údaráis iniúchadh faoi iomaíocht in árachas mótair, fostaitheoirí agus dliteanais phoiblí agus comh-mhaoiníodh ag an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta é.

Rinne an tÚdarás Iomaíochta 47 moltaí a raibh d'aidhm leo margadh an árachais in Éirinn a dhéanamh níos oscailte, níos trédhearcaí agus níos iomaíche. De réir na tuarascála, tá catagóirí sonracha de mhótaraithe, gnólachtaí agus grúpaí deonacha "faoi ghlas" ag an soláthraí árachais atá acu faoi láthair. Chomh maith leis seo, tá cuideachtaí árachais idir nua agus shean "faoi ghlas" amach ó dheighleáin thábhachtacha agus bhrabúsacha de mhargadh an árachais.

Ag labhairt dó le linn láinseáil na Tuarascála, dúirt Cathaoirleach an Údaráis Iomaíochta, John Fingleton: "Tá na leibhéil de bhrabús le haghaidh cuideachtaí árachais in Éirinn níos airde ná riamh ach, ní hionann agus margadh iomaíoch, níl cuideachtaí nua ná cuideachtaí a bhí ann cheana féin ag tapú deiseanna brabúsacha sciobtha go leor. Tá a lán mótaraithe, gnólachtaí agus grúpaí deonacha nach bhfuil dóthain eolais acu a chuideodh leo cuardach a dhéanamh le haghaidh árachais níos fearr agus nuair

a dhéanann siad cuardach faigheann siad amach go mbíonn rogha teoranta acu.

Is é fócas na moltaí a rinne an tÚdarás Iomaíochta ná an t-eolas atá ag teastáil a chur ar fáil chun earnáil an árachais in Éirinn a oscailt. Má chuirtear an t-eolas atá ag teastáil ar fáil:

- Cuirfear ar chumas cuideachtaí árachais idir shean agus nua dul isteach nó fairsingiú i margadh brabúsach an árachais in Éirinn; agus,
- Tabharfar an chumhacht do mhótaraithe agus do ghrúpaí deonacha cuardach a dhéanamh le haghaidh birt árachais níos fearr.

Is féidir achoimre a dhéanamh ar mholtaí an Údaráis Iomaíochta mar seo a leanas:

Moltaí chun margadh an árachais a oscailt le haghaidh cuideachtaí árachais idir shean agus nua

- Bailiú lárnach agus foilsií staidrimh a bhaineann le hárachas;
- Athbhreithniú ar Staidreamh a bhaineann le hÁrachas le fáil faoi Mheitheamh gach bliain;
- Trédhearcacht éileamh tríd an gcóras dlíthiúil;
- Tréadhearcacht sa chóras le haghaidh tiománaithe gan árachas – Biúró Árachais Mhótair na hÉireann;
- Trédhearcacht sa Chomhaontú um Chásanna Diúltaithe; agus,
- Ciste Cúitimh Árachais chun ollriosca na hÉireann a chlúdach.

Moltaí chun margadh an árachais a oscailt do gach uile mhótaraí

- Stair éileamh dheimhnithe;
- Briseadh síos ar tháillí préimheanna;
- Fógraí athnuachana díreach go dtí gach uile chustaiméir;
- Nochtadh na gcoimisiún agus na gcúiteamh ar fad a íoctar le hidirghabhálaithe / bróicéirí
- Soiléiriú faoi na cineálacha idirghabhálaithe / bróicéirí; agus,
- Nósanna imeachta le haghaidh cuideachtaí chun iad féin a árachú.

Moltaí chun margadh an árachais a oscailt do ghnólachtaí agus do ghrúpaí deonacha

- Fógraí athnuachana 8 seachtain roimh ré;
- Briseadh síos ar tháillí préimheanna;
- Stair éileamh dheimhnithe;
- Suirbhéanna costais faoi árachas dliteanais;
- Nochtadh na gcoimisiún agus na gcúiteamh ar fad a íoctar le hidirghabhálaithe / bróicéirí
- Soiléiriú faoi na cineálacha idirghabhálaithe / bróicéirí; agus,
- Fógraí athnuachana díreach go dtí gach uile chustaiméir;

Tá liosta iomlán de mholtaí an Údaráis Iomaíochta faoi earnáil árachais na hÉireann le fáil in Aguisín ??. Tá cóip den tuarascáil *"Competition Issues in the Non-Life Insurance Market"* le fáil ó shuíomh gréasáin an Údaráis Iomaíochta: www.tca.ie/insurance.html

Seirbhísí Baincéireachta Neamhinfheistíochta: Tuarascáil Dheireanach

D'fhoilsigh an tÚdarás Iomaíochta a thuarascáil *Competition in the (non-investment) banking sector in Ireland* ar 22ú Meán Fómhair 2005. Léiríonn an tuarascáil nach ndéanann bainc in Éirinn fíochmhar a ndóthain ar mhaithe lena gcuid custaiméirí.

Shainaithin tuarascáil an Údaráis Iomaíochta fadhbanna frith-iomaíochta sa trí earnáil a ndearnadh iniúchadh fúthu, mar atá:

- **Cuntais reatha phearsanta;**
- **Iasachtaí do gnólachtaí beaga; agus,**
- **An ról thar a bheith tábhachtach a bhaineann le córas imréitigh íocaíochtaí.**

Rinne an tÚdarás Iomaíochta 25 moltaí a raibh mar aidhm leo na fadhbanna seo a mhaolú agus breis iomaíochta a thabhairt do thionscal an árachais. Mhol an tÚdarás Iomaíochta nár cheart rialú ar tháillí bainc a bhaint de go dtí go dtagann feabhas ar iomaíocht.

Ó cuireadh tús le Staidéar an Údaráis Iomaíochta, tharla roinnt athruithe san earnáil baincéireachta in Éirinn. Réamh-mheas cuid na hathruithe seo moltaí de chuid an Údaráis Iomaíochta. I gcaitheamh 2004, d'fhógair Cónaidhm Baincéirí na hÉireann, Eagraíocht Seirbhísí Íocaíochta na hÉireann agus an Roinn Airgeadais go raibh sé i gceist acu cuid de na srianta is deacra le hiomaíocht i saol na baincéireachta a bhaint de.

- Tá tacaíocht tugtha ag an Aire Airgeadais le baint stampdhleachta cánachais dhúbailte ar chustaiméirí a ghluaiseann go bainc eile.

- Tá laghdú mór tagtha ar bhacanna iontrála isteach go dtí an Córas Imréitigh Íocaíochta a chuireann toirmeasc ar bhainc nua teacht isteach i margadh baincéireachta na hÉireann, ag na heagraíochtaí imréitigh.

- Tá cód lasctha tugtha isteach ag Cónaidhm Baincéireachta na hÉireann freisin a éascóidh coimhlint idir bainc agus a dhéanfaidh lascadh níos éasca do thomhaltóirí na hÉireann.

Cuireann tuarascáil an Údaráis Iomaíochta síos ar a bhfuil le déanamh fós in earnáil na baincéireachta na hÉireann. Tá 25 moltaí uile go léir in *Competition in the (non-investment) banking sector in Ireland* go dtí an Rialtas, an Rialtóir Airgeadais, na cuideachtaí imréitigh agus na bainc faoi na ceannteidil seo a leanas:

Cuntais reatha phearsanta;

Tá custaiméirí le cuntas reatha phearsanta ionann agus coinnithe isteach ina gcuid soláthraithe seirbhísí féin faoi láthair ós rud é go bhfuil sé chomh deacair bainc a athrú. Eascraíonn an fhadhb as socruithe struchtúrtha in earnáil na baincéireachta, iompar na mbanc féin agus iarmhairtí neamhbheartaithe rialaithe rialtais. Is é an toradh ná nach ndéanann na bainc iomaíocht le haghaidh sealbhóirí cuntais atá ann faoi láthair ach go dtroideann siad go fíochmhar le haghaidh custaiméirí atá ag oscailt cuntas den chéad bhabhta (mar shampla, mic léinn).

Moltaí faoi Chuntais Reatha Phearsanta:

1) Feabhas a chur an ar gcód lasctha le haghaidh cuntas reatha pearsanta

2) Dochar díreach inaistrithe a fhorbairt

3) Deireadh a chur le cánachas dúbailte ar chártaí plaisteacha

4) Measúnú a dhéanamh ar chostais shaobhacha ar an leibhéal de stampdhleachta atá ann faoi láthair

5) Bealaí aitheantais a chaighdeánú go hinghlactha

6) Rialú praghsanna a bhaint de chomh luath agus a thagann feabhas ar iomaíocht

7) Stair cuntais 12 mí saor in aisce a chur ar fáil

8) Eolas a chur ar fáil mar gheall ar ús ar chuntais reatha phearsanta

9) Feasacht faoi ús ar chuntais reatha phearsanta a chur chun cinn

Iasachtaí go gnólachtaí beaga

Níl gnólachtaí beaga ag baint leasa as iomaíocht, go mór mór sa réimse tábhachtach a bhaineann le hiasachtaí caipitil oibre. Níl na bainc ag cur laghduithe ar rátaí úis go iomlán chun cinn go dtí a gcuid custaiméirí iasachtaí Fiontar Beaga agus Meánacha. Tá an fhadhb seo ag cur costais de thart ar €85 milliún in aghaidh na bliana, meastar.

Recommendations on Loans to Small Business:

10) Cuir cód lasctha éifeachtach le haghaidh gnólachtaí beaga i bhfeidhm

11) Déan éasca é cuntais reatha a chur i gcomparáid

12) Stair cuntais 3 mhí saor in aisce a chur ar fáil

13) Doiciméad morgáiste caighdeánaithe a chur ar fáil

14) Éascaigh aistriú níos éasca de mhorgáistí

Córas Imréitigh Íocaíochtaí

Tá imní ar an Údarás Iomaíochta go gcuireann an struchtúr chun íocaíocht a imréiteach toirmeasc ar bhainc nua a bheith ag tairiscint seirbhísí in Éirinn. Imríonn an córas imréitigh íocaíochtaí ról thar a bheith tábhachtach i gcóras baincéireachta na hÉireann. Teastaíonn rochtain ó institiúidí airgeadais ar mian leo réimse leathan de sheirbhísí baincéireachta a thairiscint rochtain ar an gcóras imréitigh íocaíochta chun idirbhearta a phróiseáil a dhéanann a gcuid custaiméirí le bainc eile.

Moltaí faoin gCóras Imréitigh Íocaíochtaí:

15) Bord Stiúrthóirí amháin a chruthú don Chóras Íocaíochta

16) Cuir le ballraíocht an IPSO

17) Poiblíocht a thabhairt do chinnte agus do ghníomhartha thionscal na n-íocaíochta

18) Stádas An Post agus aontais chreidmheasa i dtionscal na n-íocaíochtaí a shoiléiriú

19) Cuir doiciméid thábhachtacha nach doiciméid rúndachta iad de chuid an IPSO ar fáil

20) Anailís a dhéanamh ar theicneolaíocht nua chun cóipeanna leictreonacha de sheiceanna a imréiteach

21) Reachtaíocht a chur i bhfeidhm a aithneoidh cóipeanna leictreonacha de sheiceanna

22) Reachtaíocht a chur i bhfeidhm chun úinéireacht seiceanna a ath-leithdháileadh.

23) Rialacha imréitigh a nuashonrú chun cóipeanna leictreonacha de sheiceanna a éascú

24) Iniúchadh a dhéanamh faoi bhunú Tí Imréitigh Uathoibrithe

25) Plean gníomhaíochta a chur i dtoll a chéile chun Teach Imréitigh Uathoibrithe a chur i bhfeidhm

Tá liosta iomlán de mholtaí an Údaráis Iomaíochta faoi earnáil na baincéireachta in Éirinn le fáil in Aguisín ??. Tá cóip den tuarascáil *"Competition in the (non-investment) banking sector in Ireland"* le fáil ó shuíomh gréasáin an Údaráis Iomaíochta: www.tca.ie

Gairm an dlí (Dlíodóirí agus Aturnaetha) Tuarascáil Tosaigh

D'fhoilsigh an tÚdarás Iomaíochta a thuarascáil tosaigh faoi cheisteanna iomaíochta i seirbhísí dlíthiúla in Éirinn ar 24ú Feabhra 2005. Rinne tuarascáil an Údaráis Iomaíochta cinneadh go bhfuil gairm an dlí ag cur thar maoil le srianta neamhdhlíthiúla agus díréireacha le hiomaíocht. Eascraíonn na srianta seo go príomha ó rialacha agus cleachtaí rialaithe Chumann an Dlí, Comhairle an Bharra agus Tábhairne an Rí ach freisin as reachtaíocht a bhaineann le hábhar.

Déanann tuarascáil an Údaráis Iomaíochta anailís ar gach ceann de na srianta seo agus déanann iniúchadh an bhfuil siad riachtanach, comhsheasmhach agus de réir na gcuspóirí atá i gceist maidir le leas an phobail. Rinneadh iniúchadh freisin ar trédhearcacht agus cuntasacht an chórais rialaithe a bhaineann le gairm an dlí.

Tá molta ag an Údarás Iomaíochta go gcruthófar Coimisiún Seirbhísí Dlíthiúla atá neamhspleách, trédhearcach agus cuntasach chun an easaontacht leasa os comhair ball ionadaíochta de ghairm an dlí a leigheas. Déanann Cumann an Dlí agus Comhairle an Bharra ionadaíocht thar ceann a mball agus san am céanna tá siad freagrach as rialacha agus cleachtaí atá in ainm a bheith ann chun leas an phobail a chosaint.

Rinne an tÚdarás Iomaíochta breis agus 40 moltaí chomh maith chun srianta neamhdhlíthiúla in aghaidh iomaíochta a bhaint de ghairm an dlí nó a athchóiriú. Áirítear leis na cinn is tábhachtaí de na moltaí seo:

- Cur ar ceal monaplachtaí oideachais Tábhairne an Rí agus Chumann an Dlí maidir le hoideachas dlí gairmiúil;
- An riail go gcaitheann aturnaetha a bheith ina dtrádálaithe aonair a bhaint de nó a athchóiriú;
- Leathnú Scéim Rochtana Gairmiúla Dírí Chomhairle an Bharra nó cur ar ceal an toirmisc ar rochtain dhíreach ar an bpobal ar sheirbhísí aturnaetha;
- An srian ar sholáthar sheirbhísí tíolactha le daoine nach comhlachtaí dlíodóirí agus dlíodóirí cleachtais iad a athchóiriú;
- An srian le comhpháirtíochtaí idir aturnaetha agus dlíodóirí a bhaint de;
- An srian le dlíodóirí ag coinneáil teideal aturnae agus dlíodóra san am céanna a bhaint de;
- Cur ar ceal an riail a chuireann toirmeasc ar aturnaetha ag dul i mbun gairmeacha nach bhfuil comhsheasmhach le cleachtas lán-aimseartha ag an mBarra;
- Cur ar ceal an riail a choinníonn ballraíocht de Leabharlann an Dlí le haturnaetha cleachtais lán-aimseartha amháin;
- Na srianta uile le fógraíocht aturnaetha agus dlíodóirí nó gach ceann seachas srianta sonracha, a bhaint de;
- Critéir nua chun dlíodóir a cáilíodh lasmuigh den AE a ligean isteach;
- Scéim thrédhearcach a bhunú chun teideal Abhcóide Sinsir a bhronnadh, maraon le bheith ag bronnadh an teideal ar dhlíodóirí; agus,
- Go gcuirfidh aturnaetha eolas in aisce ar fáil dá gcuid cliant.

Gairm na bhFiaclóireachta Tuarascáil Tosaigh

D'fhoilsigh an tÚdarás Iomaíochta a thuarascáil tosaigh faoi cheisteanna iomaíochta a bhaineann le gairm na fiaclóireachta ar 15ú Nollag 2005. Déanann an Tuarascáil 13 moltaí a bhfuil d'aidhm leo fadhbanna a sainaithníodh i ngairm na fiaclóireachta ag an Údarás Iomaíochta a leigheas.

Cháin tuarascáil an Údaráis Iomaíochta na dlíthe agus na rialacháin gan ghá faoina gcaifear gairm na fiaclóireachta a fheidhmiú in Éirinn. Léiríonn tuarascáil an Údaráis Iomaíochta:

Nach n-oibríonn iomaíocht go maith le haghaidh tomhaltóirí seirbhísí fiaclóireachta, is é sin othair faoi leith agus an Stát. Tá praghsanna sheirbhísí fiaclóireachta in Éirinn tar éis a bheith ag ardú go seasmhach thar ghnáthráta boilscithe sláinte. Tá beartaithe ag custaiméirí taisteal go tíortha eile le haghaidh sheirbhísí fiaclóireachta, fiú. Ní haon ionadh é seo nuair a chuirtear go gníomhach in aghaidh iomaíochta. Mar shampla, cuireann an Chomhairle Fiaclóireachta toirmeasc ar fhiaclóirí a bheith ag tairiscint lascainí do chustaiméirí agus tá sé neamhdhleathach do lucht gairme atá cáilithe go cuí seirbhísí fiaclóireachta bunúsacha a thairiscint go díreach do chustaiméirí.

Ceisteanna i nGairm na bhFiaclóireachta
Creideann an tÚdarás Iomaíochta nach mór na rialacha a rialaíonn gairm na fiaclóireachta a chur in oiriúint don tsaol nua mar údar práinneach. Léiríonn an tuarascáil go bhfuil béim ar srianta tromchúiseacha le seirbhísí fiaclóireachta de bharr dlíthe agus rialachán gan ghá nach mbaineann le fiaclóirí sa chuid is mó de thíortha eile. Go mór mór, cuireann Acht na bhFiaclóirí 1985 agus na rialacha a chuireann an Chomhairle Fiaclóireachta i bhfeidhm ar chustaiméirí leas a bhaint as iomaíocht ghníomhach ar na bealaí seo a leanas:

- Cuirtear cosc ar lucht gairme cúraim sláinte mar shláinteolaithe fiaclóireachta agus teicneolaithe fiaclóireachta cliniciúla a bheith ag tairiscint seirbhísí fiaclóireachta bunúsach go díreach do chustaiméirí;
- Cuirtear in aghaidh fiaclóirí a bheith ag mealladh custaiméirí trí ghnáthmhodhanna iomaíochta lena n-áirítear lascainiú praghsanna agus fógraíocht;
- Cuireann srianta le fógraíocht eolasach cosc ar chustaiméirí a bheith ag rochtain ar eolas bunúsach a chuideoidh leo cinnte níos eolaí a dhéanamh faoin a sláinte;
- Tá srian gan ghá le custaiméirí maidir le soláthraí seirbhísí fiaclóireachta a roghnú; agus,
- Tá constaicí gan ghá leagtha os comhair fiaclóirí atá ag iarraidh seirbhísí nua a thairiscint do thomhaltóirí nó seirbhísí a chur ar fáil ar bhealaí nua.

Tá an tuarascáil tosaigh faoi ghairm na fiaclóireachta le fáil ar shuíomh gréasáin an Údaráis Iomaíochta www.tca.ie

Gairm na Radharceolaíochta: Tuarascáil Tosaigh

D'fhoilsigh an tÚdarás Iomaíochta a thuarascáil tosaigh faoi cheisteanna iomaíochta a bhaineann le gairm na radharceolaíochta ar 15ú Nollag 2005.

Ní hionann agus a thuarascáil faoi ghairm na fiaclóireachta tá cinneadh déanta ag an Údarás Iomaíochta go bhfuil an chuma air gur gairm ina n-oibríonn an iomaíocht go maith é gairm na radharceolaíochta. Déanann an Tuarascáil 5 moltaí a bhfuil d'aidhm leo fadhbanna a sainaithníodh i ngairm na radharceolaíochta ag an Údarás Iomaíochta a leigheas.

Léiríonn tuarascáil an Údaráis Iomaíochta:

Tá a lán de na srianta gan ghá a fuair an tÚdarás Iomaíochta i ngairmeacha eile as láthair i ngairm na radharceolaíochta. Baineann tomhaltóirí na hÉireann leas as an rogha atá acu conas seirbhísí radharceolaíochta den scoth a fháil. Baineann tomhaltóirí leas freisin as eolas atá le fáil go forleathan faoi réimse, ionad agus praghas na seirbhísí sin. Ní bhfuair an tÚdarás Iomaíochta aon fhianaise gur chuidigh srianta le hiomaíocht chun praghsanna níos airde a chruthú le haghaidh scrúdaithe radharceolaíochta, spéaclaí nó lionsaí tadhaill.

Ceisteanna i nGairm na Radharceolaíochta
Tá roinnt ceisteanna beaga ag an Údarás Iomaíochta a bhaineann le rialacha agus cleachtaí i ngairm na radharceolaíochta a d'fhéadadh bac a chur ar iomaíocht. Dá réir sin, déanann tuarascáil tosaigh an Údaráis Iomaíochta 5 moltaí a bhfuil mar aidhm leo iomaíocht a bhreisiú agus a fheabhsú i seirbhísí radharceolaíochta. Má chuirtear na moltaí seo i bhfeidhm:

- Laghdófar liostaí feithimh leanaí scoile a dteastaíonn scrúduithe súile uathu;
- Beish sé níos éasca do chustaiméirí comparáid a dhéanamh idir praghas agus réimse na seirbhísí radharceolaíochta atá le fáil;
- Beidh ballraíocht na mBord Radharceolaithe ar aon dul le rialtóirí gairmeacha sláinte eile agus na bprionsabal a bhaineann le rialú níos fearr; agus,
- Cinnteofar go mbíonn dóthain soláthair de radharceolaithe ann chun éileamh fadtéarmach ar sheirbhísí radharceolaíochta a shásamh.

Tá an tuarascáil tosaigh faoi ghairm na radharceolaíochta le fáil ar shuíomh gréasáin an Údaráis Iomaíochta www.tca.ie

3.4 Ag cur le feasacht faoi iomaíocht

Bíonn an tÚdarás Iomaíochta ag cur le feasacht i gcónaí faoin ról dearfach atá ag iomaíocht. Trí réimse leathan de mhodhanna, cuireann Baill agus foireann an Údaráis Iomaíochta feasacht chun cinn faoin ról atá ag iomaíocht i ngeilleagar na hÉireann agus bíonn siad ag tarraingt aire ar fhadhbanna sonracha sainaitheanta. Áirítear le bealaí chun cur le feasacht deiseanna labhartha poiblí, seimineáir agus cur i láthair ag comhdhálacha agus tríd na meáin.

Ar bheagnach **50 ócáid** i 2005, thug Baill agus foireann an Údaráis Iomaíochta óráid nó cur-i-láthair uathu go réimse leathan de lucht éisteachta. Bhí na ceisteanna iomaíochta a pléadh chomh héagsúil le bainistíocht dramhaíola, seirbhísí gairmiúla agus margaí talmhaíochta. Tá liosta iomlán de na hóráidí agus na cuir-i-láthair a thug Baill agus foireann an Údaráis Iomaíochta uathu le fáil in **Aguisín XXX**.

Cuireadh tús le Sraith Seimineár an Údaráis Iomaíochta i 2005 chun tuiscint níos fearr ar cheisteanna reatha i ndlí agus in eacnamaíocht iomaíochta a chur chun cinn. Is seimineáir phoiblí iad seo a chuireann an tÚdarás Iomaíochta ar fáil le liosta d'aoichainteoirí mór le rá as Éirinn agus tíortha nach í.

3.5 Nochtadh os Comhair Coistí de chuid an Oireachtais

Nocht Cathaoirleach an Údaráis Iomaíochta os comhair Comhchoiste an Oireachtais um Fhiontar agus Gnólachtaí Beaga i Meán Fómhair 2005. Thug Coiste an Oireachtais cuireadh do Chathaoirleach an Údaráis Iomaíochta chun earnáil na n-earraí grósaera míondíolacháin in Éirinn a phlé agus aighneacht an Údaráis faoi athchróiriú ar an Ordú um earraí grósaera a phlé.

Tábla 3.2: Sraith Seimineár an Údaráis Iomaíochta 2005

Dáta	Cainteoir	Teideal
6ú Bealtaine, 2005	Don Baker, Baker agus Miller (Washington)	Private Antitrust litigation in the US and EU
25ú Bealtaine, 2005	Ilene Gotts, Wachtell Lipton Rosen agus Katz (Washington)	Recent Developments in US Merger Control
17ú Meithimh, 2005	Joseph McLaughlin, Heller Ehrman LLP (Nua Eabhrac)	Civil Antitrust Litigation in the United States: Implications for Ireland and the European Community
22ú Meithimh, 2005	Damian Collins, McCann FitzGerald (An Bhruiséal agus Baile Átha Cliath)	Identifying the Implications of the Commission's State Aid Reform for Ireland's Enterprise Policy
9ú Samhain, 2005	Dermot Cahill, Dlíodóir, Léachtóir Sinsearach, Scoil Dlí UCD (Baile Átha Cliath)	Public Sector Competition
23ú Samhain, 2005	Shaun Hargreaves Heap, University of East Anglia (Norwich)	Media mergers and the problem of diversity

Ról Rannóg na hAbhcóideachta san Údarás Iomaíochta

Sainaithníonn Rannóg na hAbhcóideachta srianta poiblí le hiomaíocht, pléadálann sí le haghaidh athchóirithe ar chleachtaí in aghaidh iomaíochta agus cuireann sí beartasaíocht in iul ar mhaithe le hiomaíocht faoi mar a iarrtar faoi alt 30 den Acht Iomaíochta, 2002.

Féadfaidh srianta poiblí le hiomaíocht eascairt as dlíthe, rialacháin nó cleachtadh riaracháin. Iarrann an tÚdarás Iomaíochta athchóiriú nuair nach bhfuil an srian dlíthiúil de réir cuspóra beartais eile atá chun leas tomhaltóirí, mar cheisteanna comhshaoil nó a chuireann srian le hiomaíocht i bhfad thar an leibhéal is gá chun an cuspóir ar mhaithe leis an tomhaltóir a bhaint amach. Tugann Rannóg na hAbhcóideachtacomhairle go rialta do RannaRialtais agus d'áisínteachtaí poiblí faoi rian ag iomaíocht ar reachtaíocht a mholtar nó atá faoi athbhreithniú **(féach Aguisín 4)** agus déanann sí moltaí don Rialtas, a chuid Ranna agus Áisínteachtaí faoi shrianta in aghaidh iomaíochta a shainaithnítear le linn Staidéir nó gearáin a fuair an tÚdarás Iomaíochta.

Cuireann an tÚdarás iomaíochta an cás ar aghaidh freisin ar mhaithe le hiomaíocht i gcoitinne trí aithisc, léiriúcháin agus ionadaíocht **(féach Aguisín 5)**.

Ba cheart athchóirithe ar earnáil na cógaisíochta a chur i bhfeidhm anois

Ba cheart athchóirithe ar earnáil na cógaisíochta a chur i bhfeidhm anois

Tá neart oibre nár críochnaíodh fós ag an Tánaiste chun margadh na cógaisíochta a liobrálú agus d'fhéadfaí roinnt gluaiseachtaí a dhéanamh anois féin, scríobhann Declan Purcell

Tá sonraí fógartha ag an Aire Sláinte, Mary Harney, faoi roinnt athchóirithe i margadh cógaisíochta na hÉireann. Mar a bhí súil, tá curtha in aghaidh seo ag grúpa stocaireachta na cógaisíochta – Cumann Cógaisíochta na hÉireann.

Ní haon ionadh go dteastaíonn ón Rialtas an earnáil seo den gheilleagar a athchóiriú go mór. Íocann tomhaltóirí in Éirinn nach bhfuil aon chárta leighis acu costas breise mór ar dhrugaí ar oideas (50 faoin gcéad); tá an t-imeall a fhaigheann cógaisithe na hÉireann ar an gceann is airde san AE (33 faoin gcéad); tá praghsanna drugaí mórdíolacháin pionnáilte le tíortha daora i dtuaisceart na hEorpa; agus ní féidir le mic léinn na hÉireann a dhéanann ullmhúchán thar lear mar chógaisithe siopa poitigéara nua a oscailt in Éirinn (an rialachán sonrach ar a dtugtar an "riail trí bliana").

Faoi na moltaí a fógraíodh táthar chun deireadh a chur leis an "riail trí bliana" agus is maith an airí. Ach ní tharlóidh sé seo go ceann bliana ar a laghad, go dtí go gcuirtear bille i dtoll a chéile agus a achtófar é, agus ní thiocfaidh athruithe ar na rialacháin i bhfeidhm go dtí go mbíonn na nithe seo déanta.

Tá an "riail trí bliana" sa dlí ó 1987 i leith agus téann sé i bhfeidhm ar an mbealach céanna ar mhic léinn de chuid na hÉireann a thugann a gcéim cógaisíochta amach thar lear. Mar sin más Éireannach tú a fhaigheann céim cógaisíochta i dtír eile de chuid an AE, ní féidir leat filleadh go hÉireann agus do shiopa poitigéara féin a bhunú. Sin sin.

Agus ní ar feadh tréimhsín, tabhair faoi deara – d'fhéadadh sé nach n-osclóidh tú do shiopa poitigéara féin go bráth na broinne. Is féidir leat obair i siopa nua mar chógaisí – is é díreach nach féidir leat bainistíocht a dhéanamh air ná é a bheith agat féin.

Cé mhéad mac léinn de chuid na hÉireann ar tharla an rud diabhlach seo dóibh? B'fhéidir oiread agus 2,000, agus an líon a chuaigh go dtí an Bhreatain den chuid is mó chun céim cógaisíochta a dhéanamh thar na blianta ós rud é nach raibh siad in ann cáilíocht a bhaint amach in Éirinn. Ní bhaineann an méid acu seo a dteastódh uathu i ndáiríre siopa dá gcuid féin a oscailt le hábhar. Airíonn a lán acu míshásta, áfach, go mb'éigean dóibh feitheamh níos faide chun an tsaoirse eacnamaíochta chéanna a bhaint amach ná na mic léinn a fhaigheann a gcuid oideachais in Éirinn.

Is é seo ceann de na dlíthe is idirdhealaí agus is cosantaí dá bhfuil againn agus tá ráite ag daoine neamhspleácha le fada gur cheart droim láimhe a thabhairt dó.

Ba cheart go gcaithfí ar an gcarnán dramhaíola gan mhoill, seachas a bheith ag fanacht b'fhéidir ar feadh bliana eile fós.

Deir brústocairí cógaisíochta nár cheart d'Éirinn feidhmiú ina haonar agus nár cheart go gcuirfí an dlí ar ceal go dtí go gcuireann na tíortha eile de chuid an AE ina bhfuil riail den chineál céanna a gcinn féin a chur ar ceal.

Is é an faitíos atá ann go mbeidh sruth bealaigh amháin de chógaisithe as an tIúr, Naples nó Norfolk. Fiú dá dtarlódh a leithéid, is deacair a thuiscint conas a dhéanfadh sé dochar do thomhaltóirí, ós rud é go mbeadh breis cógaslann in Éirinn dá bharr.

Is é an réimse athchóirithe eile de chuid an Tánaiste ná rialacha "oiriúint cleachtais" a thabhairt isteach le haghaidh cógaisithe, rud atá ciallmhar agus tráthúil.

Molann sí freisin, sa ghearrthéarma, athchóiriú a dhéanamh ar an gcomhlacht forbhreithnithe reachtúil sa réimse seo – Cumann Cógaisíochta na hÉireann – trí, i measc rudaí eile, iarraidh ar roinnt neamh-chógaisithe suí ar a chomhairle rialaithe. Arís, rud atá thar a bheith ciallmhar. Tá sé thar a bheith aisteach go mbeadh comhlacht rialaithe reachtúil sa lá atá ann inniu á rialú go heisiach ag ionadaithe ón ngairm a bhfuil sé in ainm agus a bheith ag rialú.

Is é an rud is fearr, b'fhéidir, go bhfuil moladh chun líon na siopaí poitigéara ar féidir leo a bheith i seilbh breis agus aon aonán amháin, diúltaithe ag an Rialtas. Agus seo á dhéanamh acu, tá droim láimhe tugtha ag an Rialtas, mar is ceart agus is cuí, don smaoineamh gur cheart srianta nua le tomhaltóirí a thabhairt isteach chun cógaslanna atá ann faoi láthair a chosaint ó iomaíocht.

Sin é, mar sin, ab ea? An bhfuil tada eile le déanamh chun an margadh seo a thabhairt isteach i saol an lae inniu agus ar aon dul le gnó miondíolacháin eile?

Tá, agus neart. Tá a lán gnó eile a bhaineann le cógaisíocht atá gan réiteach fós nach mór don Tánaiste dul i ngleic leis luath nó mall agus is mór an trua é nár tapaíodh an deis sa bheartas a ghlac an Rialtas le déanaí. Áirítear leo seo:

- Deireadh a chur leis an gcostas breise uathoibritheach agus leithleasach de 50 faoin gcéad (cárta neamh-leighis) ar chóga leighis ar oideas a ghearrann cógaisithe agus a dtacaíonn an Stát leis.
- Idirbheartaíocht nua a dhéanamh faoin gcomhaontú idir an Rialtas agus tionscal na cógaisíochta faoi phraghas mórdíola cógas leighis chun go bhfaighidh tomhaltóirí agus cáiníocóirí cánach ar aon beart níos fearr
- Cinntiú go mbeidh breis feasachta ag tomhaltóirí faoi phraghsanna ag am díola agus iad ag ceannach cógas leighis.

Ach is fearr leathphingin ná gan phingin ar chor ar bith i láthair na huaire.

Is ball den Údarás Iomaíochta é Declan Purcell agus feidhmíonn sé mar Stiúrthóir ar rannóg na hAbhcóideachta ann.

Foilsíodh an t-alt seo i dtús báire san Irish Times ar 1ú Lúnasa 2005.

Mír 4: Beartas agus Seirbhísí Corparáideacha

4. Beartas agus Seirbhísí Corparáideacha

Chun an rian is mó a bhaint as obair an Údaráis Iomaíochta tá sé tábhachtach go ritheann an eagraíocht ar fad gan deacrachtaí agus go héifeachtach. Tá na seirbhísí tacaíochta a mheastar uaireanta a bheith dofheicthe ina gcuid thar a bheith tábhachtach d'fhorghníomhú, cumaisc agus obair abhcóideachta an Údaráis Iomaíochta.

Díríonn na seirbhísí tacaíochta seo ar éascú príomhfheidhmeanna an Údaráis Iomaíochta chomh maith le bheith ag cuidiú le custaiméirí díreacha an Údaráis lena n-áirítear gearánaigh, comhlachtaí agus daoine faoi leith faoi iniúchadh, páirtithe a bhaineann le cumaisc, ionadaithe tofa, dlíodóirí, státseirbhísigh agus iriseoirí.

4.1 Airgeadas

Maoinítear an tÚdarás Iomaíochta trí dheontas bliantúil ón Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta. I 2005 ba é deontas an Údaráis Iomaíochta €5.07m. Tá cuntais an Údaráis Iomaíochta faoi réir iniúchta ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus ní dócha go mbeidh an t-iniúchadh ar chuntais 2005 réidh go dtí an dara ráithe de 2006. Mar sin féin, faoi láthair ba é caiteachas 2005 gan iniúchadh €4.621m. Foilsítear bileog sonraí de chuntais iniúchta an Údaráis Iomaíochta le haghaidh 2004 in **Aguisín 1** sa Tuarascáil seo.

I 2005, fuair an tÚdarás Iomaíochta €672,000 ó tháillí fógraí cumaisc. Ní hioncam don Údarás Iomaíochta é seo, áfach, ós rud é go meastar ag an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta é a bheith mar Leithreasaithe i gCabhair agus cuirtear ar aghaidh ón Údarás Iomaíochta go dtí an Roinn é.

4.2 Saoráil Faisnéise

Fuair an tÚdarás Iomaíochta trí iarratas faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise i 2005, le hais ceithre cinn i 2004. Iarratais neamh-phearsanta a bhí iontu uile. Deonaíodh dhá cheann de na hiarratais sin go hiomlán agus diúltaíodh ceann amháin acu.

4.3 Earcú

Déanann an tÚdarás Iomaíochta earcú díreach dá fhoireann féin. I gcaitheamh 2005, reáchtáil an tÚdarás Iomaíochta trí fheachtas earcaíochta poiblí as a ndearna sé naoi gceapachán. D'eascair cuid de na ceapacháin sin as cinneadh an Rialtais i Nollaig 2004 cur le méid acmhainní an Údarás Iomaíochta le sé phost nua. D'eascair na ceapacháin eile as folúntais a tharla i gcaitheamh na bliana.

I gcaitheamh 2005, d'éirigh triúr ball de chuid an Údaráis Iomaíochta as. Baineann an earcaíocht chun na poist a fágadh folamh ag an tUasal Terry Calvani i Meitheamh 2005, an Dr. John Fingleton i nDeireadh Fómhair 2005 agus an tUasal Edward Henneberry in Eanáir 2006 a líonadh ag Coimisinéirí na Státseirbhíse de bhun Ailt 35(3) den Acht Iomaíochta, 2002. Tosóidh ceapacháin ag an Aire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta maidir le dhá cheann ar a laghad de na poist sin sa chéad ráithe de 2006.

4.4 Rannóg Beartais Nua bunaithe

Bhunaigh an tÚdarás Iomaíochta Rannóg Beartais Nua i gcaitheamh 2005. Is é príomhchuspóir na rannóige ná cabhair a thabhairt do Rannóg na gCumasc ag na hamanna is gnóthaí. De bharr easpa cinnteachta a bhaineann le fógraí cumaisc b'éigean

do Rannóg na gCumasc san am a caitheadh tarraingt ar acmhainní rannóga eile an Údaráis Iomaíochta, ag tarraingt acmhainní ar shiúl ó obair thábhachtach forfheidhmithe agus abhcóideachta.

Is iad na ceithre príomhfheidhmeanna ag an Rannóg Beartais ná:
- Tacaíocht Anailíseach;
- Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta;
- Faisnéis agus Oiliúint; agus,
- Beartas agus Straitéis.

4.5 Teicneolaíocht Faisnéise

I gcaitheamh 2005 bhí an tÚdarás Iomaíochta in ann seirbhís Teicneolaíochta Faisnéise seasaimh aonair dá chuid féin a chur ar fáil den chéad uair. Bhí seo ar a chumas tar éis aonad TF a bhunú laistigh den Údarás Iomaíochta.

Roimh theacht i bhfeidhm an Achta Iomaíochta, 2002, cuireadh seirbhísí ar fáil ag an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta don Údarás Iomaíochta de chuid na hoifige sin. Le bunú an Údaráis Iomaíochta mar áisínteacht reachtúil neamhspleách san Acht Iomaíochta, baineadh de an fhreagracht chun na seirbhísí sin a chur ar fáil. Mar sin féin, choinnigh an Roinn uirthi ag cur seiirbhísí TF ar fáil go dtí go raibh an tÚdarás Iomaíochta in ann an fhreagracht seo a ghlacadh.

Tugann Aonad TF an Údaráis Iomaíochta tacaíocht chomh maith le Rannóg an fhorfheidhmithe maidir le fóiréinsic doiciméid agus ríomhaireachta.

4.6 Cumarsáid Sheachtrach

Is tosaíocht de chuid na eagraíochta i gcónaí a bheith ag cur an phobal ar an eolas faoi obair an Údaráis Iomaíochta agus faoin mbeartas maidir le hiomaíocht i gcoitinne. Déantar nuashonrú go rialta ar shuíomh gréasáin an Údaráis Iomaíochta (www.tca.ie) chun a chinntiú go gcuirean sé an t-eolas is cuimsithí agus is féidir ar fáil faoi réimsí mar fhógraí cumasc, cinnte forfheidhmithe agus preasráitis.

Imríonn na meáin ról thar a bheith tábhachtach chun gníomhaíochtaí an Údaráis Iomaíochta a chur in iúl don phobal i gcoitinne. I 2005, d'eisigh an tÚdarás Iomaíochta 27 preasráiteas agus reáchtáil sé dhá chruinniú fhoirmiúla le haghaidh na meán. Chomh maith leis sin, ghlac Baill agus foireann de chuid an Údaráis Iomaíochta páirt i ndíospóireachtaí éagsúla sna meáin chló agus chraolta faoi éagsúlacht ceisteanna iomaíochta.

4.7 Ráiteas Straitéise

Ar 22 Nollag 2005, chuir an tÚdarás Iomaíochta Ráiteas Straitéise nua faoi bhráid an Aire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta. Clúdaíonn an Ráiteas Straitéise an tréimhse idir 1 Eanáir 2006 go 31 Nollag 2008.

Is riachtanas faoi alt 33 den Acht Iomaíochta, 2002 go gcuirtear an Ráiteas Straitéise seo ar fáil. Tagann an ráiteas nua in áit Ráiteas Straitéise an Údaráis Iomaíochta 2003 – 2005 a foilsíodh i bhFeabhra 2003. Tá *Bunchuspóir* agus *Spriocanna Ardleibhéil* an Údaráis gan athrú go hábhartha ón ráiteas deireanach. Cuireann an ráiteas nua sonracha ina chuid straitéisí agus táscairí gníomhaithe le haghaidh an Údaráis Iomaíochta.

Tá nóta míniúcháin faoi Ráiteas Straitéise an Údaráis Iomaíochta 2006 – 2008 le fáil ar leathanach xxx den Tuarascáil Bhliantúil seo. Tá cóip iomlán den Ráiteas Straitéise le fáil ó shuíomh gréasáin www.tca.ie

4.8 Cód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit

Míníonn an Cód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit a d'eisigh an Roinn Airgeadais na prionsabail a bhaineann le rialú corparáideach nach mór do chomhlachtaí Stáit cur i bhfeidhm. Iarrann an Cód ar gach comhlacht Stáit cloígh leis na forálacha a bhaineann le hábhar agus deimhniú go bliantúil nuair a thugtar tuairisc don Aire a bhaineann le hábhar go bhfuiltear ag déanamh amhlaidh.

Mar chuidiú leis chun cloígh leis an gCód i gcaitheamh 2005, ghlac an tÚdarás Iomaíochta *"Cód Cleachtais um Rialú an Údaráis Iomaíochta"*. Leagann an cód amach i bhfoirm scríofa na caighdeáin a comhaontaíodh maidir le prionsabal agus cleachtas a mhúnlaíonn iompar agus a rialaíonn an Údarás Iomaíochta. Dréachtadh an cód chun cloígh leis na prionsabail a bhaineann le rialú corparáideach maith, cloígh leis na hachtacháin de chuid an Oireachtais a bhaineann le hábhar agus na feidhmeanna reachtúla a bronnadh ar an Údarás Iomaíochta ina reachtaíocht chumasaithe – an tAcht Iomaíochta, 2002 – a bhaint amach. Foilsítear an Cód Cleachtais ar shuíomh gréasáin an Údaráis Iomaíochta www.tca.ie.

I gcaitheamh 2005 freisin, ghlac an tÚdarás Iomaíochta le *"Cairt Custaiméara"* mar léiriú ar a ghealltanas a chinntiú go bhfaigheann a chuid custaiméirí an leibhéal is airde de sheirbhís agus is féidir i gcónaí. Leagann an Chairt Custaiméara amach na caighdeáin ar cheart do dhuine ar bith a fháil ón Údarás Iomaíochta, míníonn sí conas is féidir faisnéis a fháil ón Údarás agus nósanna imeachta chun údar cúraim a chur in iúl. Foilsítear Cairt Custaiméara an Údaráis Iomaíochta ar a shuíomh gréasáin www.tca.ie.

Ról Rannóg na Seirbhísí Corparáideacha san Údarás Iomaíochta

Cuireann Rannóg na Seirbhísí Corparáideacha tacaíocht inmheánach le hobair forfheidhmithe, cumasc, abhcóideachta agus beartais an Údaráis Iomaíochta i gcoitinne. Áirítear leis an tacaíocht seo seirbhísí riaracháin agus Teicneolaíocht Faisnéise, airgeadas, acmhainní daonna agus bainistíocht ar acmhainní i gcoitinne. Chomh maith leis sin, déanann Rannóg na Seirbhísí Corparáideacha bainistíocht ar chumasráid inmheánach agus cumarsáid sheachtrach an Údaráis Iomaíochta.

Ról Rannóg Beartais an Údaráis Iomaíochta

Cuireadh Rannóg Beartais an Údaráis Iomaíochta ar bun i samhradh 2005. Is éard is príomhchuspóir leis an Rannóg ná cabhair a chur ar fáil do Rannóg na gCumasc ag na hamanna is gnóthaí agus tacaíocht anailíseach a chur ar fáil do na rannóga eile de chuid an Údaráis Iomaíochta de réir mar a iarrtar uirthi.

Déanann an Rannóg Beartas comhordú chomh maith ar Ghníomhaíochtaí Idirnáisiúnta an Údaráis Iomaíochta agus feidhmíonn sí mar an chéad phointe teagmhála le haghaidh gnóthaí idirnáisiúnta uile. Eagraíonn an Rannóg Beartais Sraith Seimineár an Údaráis Iomaíochta chomh maith le seimineáir inmheánacha ar mhaithe le forbairt foirne agus oiliúint.

Tá an Rannóg Beartais freagrach as Beartas agus Straitéis an Údaráis Iomaíochta a fhorbairt. Is iad na príomhghníomhaíochtaí faoin ról seo ná tacú leis an gCathaoirleach, treorú cuí a fhorbairt le haghaidh gnó agus tomhaltóirí, ag dréachtú Ráiteas Straitéise an Údaráis Iomaíochta agus ag cinntiú go mbíonn Plean Gnó an Údaráis Iomaíochta comhsheasmhach leis an straitéis i gcoitinne.

Sa Rannóg Beartais, tá an Cathaoirleach mar Stiúrthóir agus tá Bainisteoir Rannóige agus ceathrar oifigeach cásanna inti freisin.

4.9 Ballraíocht an Údaráis Iomaíochta

Ba iad Baill an Údaráis Iomaíochta i 2005 ná:

John Fingleton	Cathaoirleach
Declan Purcell	Stiúrthóir Rannóg na hAbhcóideachta
Paul Gorecki	Stiúrthóir Rannóg na Monaplachtaí
Terry Calvani	Stiúrthóir Rannóg na gCairtéal
Edward Henneberry	Stiúrthóir Rannóg na gCumasc
Noreen Mackey	Ball páirt-aimseartha

Ceapadh **John Fingleton** mar Chathaoirleach an Údaráis Iomaíochta i mBealtaine 2000. D'fheidhmigh John chomh maith mar bhall den Chomhairle Cumas Iomaíochta Náisiúnta, an Áisínteacht Tomhaltóirí Náisiúnta agus mar Chathaoirleach ar Chumann Idirnáisiúnta na n-Eacnamaithe Iomaíochta. Bhí sé ag teagasc i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath ó 1991 go dtí Aibreán 2000.

D'éirigh John Fingleton as Cathaoirleacht an Údaráis Iomaíochta ar 5ú Deireadh Fómhair 2005. D'fhógair John in Iúil 2005 go mbeadh sé ag éirí as chun dul i mbun cúraim nua mar Phríomhfheidhmeannach Office of Fair Trading (OFT) na Ríochta Aontaithe. Is é an Cathaoirleach nua ar an Údarás Iomaíochta William Prasifka a rachaidh i mbun cúraim i mí Márta 2006.

Ceapadh Declan Purcell don Údarás Iomaíochta ar dtús in Aibreán 1998 agus ath-cheapadh é le haghaidh tréimhse cúig bliana eile i 2001. Bhí Declan ag obair roimhe seo sa Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta agus sa roinn a bhí ann roimhe sin, an Roinn Tionscail agus Tráchtála, ar feadh breis agus fiche bliain.

Thosaigh **Paul Gorecki** mar bhall den Údarás Iomaíochta i Meitheamh 2000. D'oibrigh sé le húdarás iomaíochta Cheanada ar feadh roinnt blianta sular ghabh sé le Comhairle Eacnamaíochta Cheanada i 1978. I 1992, bhog sé go Tuaisceart Éireann mar Stiúrthóir ar Chomhairle Eacnamaíochta Thuaisceart Éireann.

Ceapadh **Terry Calvani** mar Bhall den Údarás Iomaíochta i mBealtaine 2002. Roimhe sin bhí sé ina chomhpháirtí de ghrúpa cleachtais frith-iontaobhais Pillsbury Winthrop LLP, ina chuid oifigí in San Francisco agus Washington araon. Bhí Terry ina Choimisinéir ar an US Federal Trade Commission (1983-1990) agus d'fheidhmigh sé mar Chathaoirleach gníomhach ar an gCoimisiúin i 1985 agus 1986.

D'éirigh Terry Calvani as an Údarás Iomaíochta ar 31ú Bealtaine 2005.Is é an ball nua ina áit ar an Údarás Iomaíochta ná Stanley Wong a rachaidh i mbun cúraim i bhFeabhra 2006.

Thosaigh **Edward Henneberry** mar bhall den Údarás iomaíochta i Meán Fómhair 2003 agus ceapadh mar Stiúrthóir ar Rannóg na gCumasc é. Sular ceapadh don Údarás é bhí sé ina bhall de Ghrúpa Cleachtais Frith-iontaobhais Howrey Simon Arnold & White in Washington, DC. Bhí Edward ag obair roimhe sin mar aturnae trialach le Rannóg Frith-iontaobhas na Roinne Dlí agus Cirt sna Stáit Aontaithe.

D'éirigh Edward Henneberry as ballraíocht an Údaráis Iomaíochta ar 31ú Eanáir 2006. Níor fógraíodh an ball nua ina áit ar an Údarás Iomaíochta go fóill.

Ceapadh **Noreen Mackey** mar Bhall páirt-aimseartha den Údarás Iomaíochta i nDeireadh Fómhair 2005 de réir Ailt 35(1) den Acht um Iomaíocht. Rinneadh an ceapachán páirt-aimseartha ar an gcoinníoll go bhfeidhmíonn sí mar Bhall díreach nuair a iarrtar uirthi agus nuair a bheadh an tÚdarás Iomaíochta gan chóram dá héagmais. Tiocfaidh an ceapachán chun críche nuair a thosóidh an Dr. Stanley Wong i mbun cúraimí i bhFeabhra 2006.

Ráiteas Straitéise an Údaráis Iomaíochta 2006-2008

Cuireann an Ráiteas Straitéise síos faoin gcéad chéim eile i bhforbairt na heagraíochta. Is plean straitéiseach é a bhreathnaíonn ar aghaidh ar bhreis fairsingithe de réir a chéile ar an Údarás Iomaíochta agus is é fócas na straitéise ná a bheith ag comhlíonadh fheidhmeanna an Údaráis ar an mbealach is tráthúla agus is éifeachtaí agus is féidir. Mar áisínteacht atá ag fás, tá an tÚdarás Iomaíochta ag bogadh ar shiúl ó bheith ag cur lena acmhainneacht agus ag díriú ar a bheith ag feabhsú cháilíocht a aschur agus a seachadta.

Cuireann an Ráiteas Straitéise síos ar phlean straitéiseach an Údaráis Iomaíochta i dtrí céimeanna:

- I **gCéim 1**, tugtar aghaidh ar an gceist – **'Cad iad cuspóirí an Údaráis Iomaíochta?'** Dá réir sin, tosaíonn an rannán seo le ráiteas faoi *Bhunchuspóir* agus *Spriocanna* an Údaráis Iomaíochta. Áirítear leis an rannán seo chomh maith tuairisc ar ról an Údaráis Iomaíochta faoi mar ar bronnadh trí reachtaíocht é.

- Tugann **Céim 2** aghaidh ar an gceist **'Cad iad na fachtóirí, inmheánach nó seachtrach, a d'fhéadadh rian a imirt ar conas a bhaineann an tÚdarás Iomaíochta a chuid cuspóirí amach?'** Breathnaíonn an mhír seo ar dtús ar an timpeallacht inmheánach agus dá bhrí sin cuireanna sí síos ar struchtúr agus acmhainní an Údaráis Iomaíochta. Meabhraítear faoin timpeallacht sheachtrach ansin agus cuirtear síos ar forbartha a bhfuil dúil leo. Cuirtear síos ar Fhachtóirí Criticiúla Rathúlachta ansin.

- Tugann **Céim 3** aghaidh ar an gceist – **'Agus na fachtóirí timpeallachta ann ina bhfeidhmíonn an tÚdarás Iomaíochta, cad é an bealach is fearr don Údarás Iomaíochta chun a chuid cuspóirí a bhaint amach?'**. Míníonn an mhír seo straitéisí sonracha an Údaráis Iomaíochta don tréimhse 2006 – 2008. Cuirtear síos freisin ar tháscairí gníomhaithe a bhfuil d'aidhm leo cur ar chumas an Údaráis Iomaíochta measúnú a dhéanamh ar chomh maith agus atá éirithe lena chuid straitéisí chun a chuid spriocanna a bhaint amach.

Eascraíonn Ráiteas Bunchuspóra agus Spriocanna an Údaráis Iomaíochta cuid mhaith as feidhmeanna an Údaráis Iomaíochta a leagtar amach san Acht Iomaíochta 2002. Áirítear leis na feidhmeanna seo forfheidhmiú dhlí na hiomaíochta, athbhreithniú ar chumaisc agus abhcóideacht iomaíochta.

Is é Ráiteas Bunchuspóra an Údaráis Iomaíochta ná:

"Cinntiú go n-oibríonn iomaíocht chun leas tomhaltóirí i ngeilleagar na hÉireann ar fad"

